# Tuarascáil Bhliantúil 2021



QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

# CLÁR


| | |
|---|---|
| 03 | RÉAMHRÁ ÓN GCATHAOIRLEACH AGUS ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH |
| 05 | MAIDIR LE QQI |
| 06 | FÍS, MISEAN AGUS LUACHANNA |
| 08 | QQI IN UIMHREACHA |
| 10 | ÁR GCUID OIBRE IN 2021 |
| 26 | AN STRUCHTÚR RIALACHAIS |
| 30 | GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA |
| 31 | BAINISTÍOCHT RIOSCA |
| 36 | AGUISÍNÍ |



# RÉAMHRÁ ÓN GCATHAOIRLEACH AGUS ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH



**Ms Joanne Harmon**
Cathaoirleach, QQI



**Dr Padraig Walsh**
Príomhfheidhmeannach, QQI

**Léirítear sa tuarascáil bhliantúil seo do 2021 príomhghníomhaíochtaí QQI ina naoú bliain ghnó. Clúdaíonn sé an bhliain deiridh de thríú ráiteas straitéise na heagraíochta: QQI – luach a chur le Cáilíochtaí 2019-21.**

Chuir an Príomhfheidhmeannach tús lena théarma oifige an 11 Eanáir ag gabháil áite an Uasal Cliona Curley a bhí ina Príomh-fheidhmeannach Eatramhach ó Dheireadh Fómhair 2020.

Bhí tionchar ag dúshláin na paindéime COVID-19 ar an mbliain 2021 ar fad agus d'fhan institiúidí oideachais agus oiliúna den chuid is mó sa mhodh teagaisc ar líne. Lean foireann QQI orthu ag obair ón mbaile ar feadh na bliana féilire ar fad. Bhí aon chruinniú is fiche ag Grúpa Stiúrtha Chóras Treasoideachais (TES) COVID-19 na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS)(ar a raibh oifigigh na Roinne, ionadaithe soláthraithe agus mac léinn chomh maith le gníomhaireachtaí stáit faoi choimirce na Roinne, lena n-áirítear QQI) i rith na bliana. Chuir an Grúpa de chúram ar QQI idirchaidreamh a dhéanamh leis na comhlachtaí gairmiúla maidir le socrúcháin do mhic léinn, go háirithe sna gairmeacha cleachtais.

Lean QQI leis an gcleachtas ar cuireadh tús leis in 2020 trínar seoladh a phróisis bhailíochtaithe clár agus athbhreithnithe institiúideacha ar líne. Mar chuid de thimthriall athbhreithnithe ardoideachais CINNTE, an chéad athbhreithniú ar cheann de na hollscoileanna nua teicneolaíochta, TU Bhaile Átha Cliath, le cuairt ar an suíomh ar líne i mí Dheireadh Fómhair.

Mar chuid den sraith QQI Insights, tugann an foilseachán "Quality in the Irish Private and Independent Higher Education Institutions 2021" léargas ar na cruinnithe idirphlé a reáchtáladh idir

QQI agus cúig sholáthraí ardoideachais déag i mí Iúil
– an chéad uair a reáchtáladh cruinnithe comhphlé cáilíochta den sórt sin leis an earnáil phríobháideach.


Ba chloch mhíle í 2021 don bhreisoideachas agus oiliúint (BOO) leis an athbhreithniú tionscnaimh ar na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) ag tosú le cuairt ar líne ar BOO Luimnigh agus an Chláir i mí an Mhárta. Ba é seo an chéad uair a rinneadh athbhreithniú ar éifeachtacht an dearbhaithe cáilíochta san earnáil BOO. Tugadh cuairteanna breise ar BOOnna le linn na coda eile de 2021 agus foilsíodh tuarascálacha na chéad chúig athbhreithniú (BOO Luimnigh agus an Chláir; BOO Laoise agus Uíbh Fhailí; BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma; BOO Dhún na nGall agus BOO Chorcaí) i mí na Nollag.

In 2021, ghnóthaigh beagnach 106,000 foghlaimeoir dámhachtainí QQI, laghdú 1% ar 2020. Lean an méadú ar an tóir ar mhicredhintiúir (cáilíochtaí beaga a chuirtear san áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí) a tugadh faoi deara i 2020 isteach in 2021 le méadú ar líon na ndámhachtainí sainchuspóire agus forlíontacha BOO QQI. Léirítear éabhlóid mhicredhintiúir ardoideachais QQI i gcáipéis QQI Award Data Series "QQI early exploration into micro-credentials in Higher Education, 2014-2020" 2014-2020."


I mí Dheireadh Fómhair, i ndiaidh próisis chomhairliúcháin ghinerálta le hinstitiúidí ardoideachais (IAOnna) agus le comhlachtaí gairmiúla reachtúla agus rialála (CGRRanna) le linn 2020 agus 2021, d'fhoilsigh QQI leagan deiridh den doiciméad Principles for Professional Engagement with Education Providers, including Programme Validation, Professional Accreditaion and Approval.

Príomhthasc do Bhord agus d'Fheidhmeannas QQI in 2021 ba ea forbairt an Ráitis Straitéise nua chun tosaíochtaí straitéiseacha agus treo na heagraíochta do na trí bliana amach romhainn a leagan amach. D'fhormheas an Bord an Ráiteas Straitéise deiridh 2022-24 ag a chruinniú i mí Mheán Fómhair.

Bhí cúig chruinniú de Bhord QQI i rith na bliana, agus tionóladh gach cruinniú Boird agus Coiste ar líne.



Ms Joanne Harmon
Cathaoirleach, QQI



Dr Padraig Walsh
Príomhfheidhmeannach, QQI

# MAIDIR LE DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN



**Bunaíodh QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012. Is gníomhaireacht stáit é, agus is é an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a cheapann baill neamhfheidhmiúcháin an Bhoird.**

Táimid freagrach as dearbhú cáilíochta seachtrach a dhéanamh ar bhreisoideachas agus ardoideachas agus oiliúint in Éirinn. Déanaimid cláir a bhailíochtú, dámhachtainí a bhronnadh agus is muidne atá freagrach as an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a chur chun cinn, a chothabháil, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Ina theannta sin, cuirimid an pobal ar an eolas maidir le cáilíocht na gclár agus na gcáilíochtaí oideachais agus oiliúna, agus cuirimid comhairle ar an Aire maidir le beartas náisiúnta i dtaobh dearbhú cáilíochta agus breisiú an oideachais agus na hoiliúna.

Tá geallsealbhóirí againn i ngach earnáil oideachais agus oiliúna: foghlaimeoirí; soláthraithe; fostóirí; ranna rialtais; gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí maoiniúcháin; comhlachtaí rialála; comhlachtaí gairmiúla; comhlachtaí dáfa cáilíochtaí; an earnáil pobail agus deonach; comhlachtaí ionadacha;  agus comhlachtaí idirnáisiúnta atá freagrach as dearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí.

# FÍS, MISEAN AGUS LUACHANNA

## ÁR BHFÍS

Geallaimid oibriú go díograiseach agus le cuspóirí i dtreo fís d'Éirinn ina dtairgtear oideachas fairsing ar ardchaighdeán agus deiseanna oiliúna, a chuireann ar chumas foghlaimeoirí a gcumas a chomhlíonadh trí cháilíochtaí a bhaint amach a bhfuil meas forleathan orthu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

## ÁR MISEAN

Coimeádann QQI muinín an phobail i gcaighdeán an oideachais agus na hoiliúna, cothaítear muinín i gCreat Náisiúnta na gCáilíochtaí agus cothaítear cultúr d'fheabhsú leanúnach ó sholáthraithe oideachais agus oiliúna.

## ÁR LUACHANNA

Bunaímid ár gcur chuige i leith ár gcuid oibre féin agus ár gcuid oibre lenár gcomhpháirtithe ar luachanna soiléire agus ar iompraíochtaí gaolmhara.

Creidimid go bhfuil **freagracht i bpáirt** againn le grúpaí eile chun muinín i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna agus feabhsúchán leanúnach iontu a chinntiú. Creidimid gurb é an tslí is fearr lenár spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach dul i mbun oibre i gcomhar agus go cuiditheach lenár gcomhpháirtithe agus soláthraithe éagsúla. Is mór againn iarrachtaí comhoibritheacha ar mhaithe le leas frithpháirteach.

Geallaimid dul i mbun oibre le **hoibiachtúlacht agus trédhearcacht.** Is é sin an bonn lenár gcinnteoireacht agus lenár mbeartais, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí. Bunaítear iad ar fhianaise, agus ar dhea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus seoltar iad ar shlí atá trédhearcach agus ina gcothaítear muinín.

Geallaimid difríocht a dhéanamh dár gcomhpháirtithe, dár soláthraithe agus dár bpobail. Is mór againn **gnóthachtáil agus tionchar** -an tslí a gcomhlíontar spriocanna agus cuspóirí as a leanann tionchar dearfach substaintiúil ar ár dtimpeallacht oibre.


Táimid tiomanta don **fhoghlaim agus don nuálaíocht** inár n-eagraíocht ar mhaithe lenár seirbhísí a fheabhsú go leanúnach.



# QQI IN UIMHREACHA

**2194**
FÍORÚ CÁILÍOCHTAÍ

**106,000**
DEARBHÚ DÁMHACHTANA QQI EISITHE




**18 SEACHTAIN**
MEÁNFHAD AN CHEADA CLÁRBHAILÍO-CHTAITHE

**190**
68 clár nua AO agus BOO bailíochtaithe

**5**
Rochtain Tosaigh ar Bailíochtú ceadaithe

**45**
44 clár AOO agus 1 chlár BOO athbhailíochtaithe

**8**
nIarratas ar chaidreamh a athbhunú ceadaithe

**21,861**
**LEATHANACH TÍRE NARIC ÍOSLÓDÁILTE**

**1,501**
**ráiteas inchomparáideachta NARIC íoslódáilte**

## QUALIFAX:

**678k**
ÚSÁIDEOIR

**14,689**
CÚRSA LIOSTAITHE

## Áirítear ar IRQ:

**11k**
CLÁR

**8000**
CÁILÍOCHT

**374**
SOLÁTHRAÍ

22 dámhachtain CAS neamhúsáidte nó ar bheagán úsáide a dighníomhaíochtaíodh

## SOCIAL MEDIA:

**5217**
**Méadú 30%** ar leantóirí Twitter

**127**
leantóir Facebook, **méadú 135%**

**4127**
leantóir Facebook, **méadú 13%**

**5**
Tuarascáil thionscnaimh ag éirí as athbhreithniú cáilíochta ar BOO a foilsíodh (Dún na nGall; Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim; Laois agus Uíbh Fhailí; Luimneach agus an Clár; Corcaigh)

**2**
phrintíseacht nua bailíochtaithe ag QQI

# ÁR GCUID OIBRE IN 2021

## ÁR DTOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

### TOSAÍOCHT 1
Iomláine an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chosaint

A. Rialóimid rochtain ar an CNC i gcás forais cháiliúcháin agus cáilíochtaí agus déanfaimid an CNC a chothabháil, a fhorbairt agus a chur chun cinn in Éirinn mar ghné lárnach de chóras solúbtha freagrúil cáilíochta a bheidh dearbhaithe ó thaobh cáilíochta.

**CNC**
**Dréacht-phrótacal comh-earnála idir forais cháiliúcháin ainmnithe agus Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann chun cáilíochtaí a chuimsiú laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí**

Cuireadh dréacht-phrótacal comh-earnála idir forais cháiliúcháin ainmnithe agus Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann chun cáilíochtaí a chuimsiú laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí i dtoll a chéile in 2021. Tá an dréachtphrótacal deartha chun riachtanais ábhartha

Alt 55B den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (2012) leasaithe a chomhlíonadh agus is toradh é ar iarracht chomhoibritheach idir Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta Éireann, na forais chailiúcháin ainmnithe agus a gcuideachtaí ionadaíochta. Tá sé bunaithe ar chleachtais dámhachtana na bhforas cáiliúcháin ainmnithe, socruithe dearbhaithe cáilíochta inmheánacha agus seachtracha atá ann cheana féin, comhairle earnála maidir le cur i bhfeidhm an NFQ, agus forbairtí idirnáisiúnta ábhartha. Chuathas i gcomhairle go fairsing le forais cháiliúcháin ainmnithe agus a gcomhlachtaí ionadaíocha le linn 2021, agus comhaontaíodh leagan deiridh den phrótacal i mí na Nollag le glacadh ag na comhlachtaí dámhachtana ainmnithe in 2022.

**Forais Cháiliúcháin Liostaithe**
Earcaíodh acmhainn tiomnaithe chun bainistiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta leasaithe a bhaineann le bunú na bhForas Cáiliúcháin Liostaithe agus le cuimsiú a gcuid dámhachtainí sa Chreat. Reáchtáladh roinnt cruinnithe le Forais Cháiliúcháin Liostaithe ionchasacha aonair chun an reachtaíocht a mhíniú agus chun tús a chur le comhphlé idir QQI agus na príomhpháirtithe leasmhara.

**Léaráid CNC nuashonraithe**
Nuashonraíodh feainléaráid an CNC i mí na Nollag 2021 chun tírdhreach athraitheach an oideachais agus na hoiliúna in Éirinn a léiriú.

B. Athróimid ár gcóras caighdeán agus dámhachtainí chun éifeachta ionas gur féidir le soláthraithe cláir sholúbtha, freagrúla oideachais agus oiliúna a mbeidh tagarmharc náisiúnta acu a chur ar fáil as a leanfaidh ár ndámhachtainí.

### Dámhachtainí neamhúsáidte a dhíghníomhachtú

Gach bliain seolann QQI anailís ar an gComhchóras Dámhachtainí agus foilsítear liosta na ndámhachtainí CAS a mholtar a dhíghníomhachtú. Is gá é seo a dhéanamh chun iomláine an Chomhchórais Dámhachtainí agus an CNC a chinntiú.

Tar éis iarratais ar choinneáil a phróiseáil, cuireadh dámhachtain Comhchórais i leataobh lena ndíghníomhachtú in 2021.

## C. Rialóimid rochtain soláthraithe príobháideacha oideachais agus oiliúna ar dhámhachtainí QQI agus tabharfar slándáil dá bhfoghlaimeoirí trí chiste cosanta d’fhoghlaimeoirí a thabhairt isteach

### Ceadú do dhearbhú cáilíochtaí soláthraithe

### Rochtain Thosaigh ar Chlárbhailíochtú

Soláthraithe nár bhailíochtaigh QQI clár dá gcuid cheana, ní mór dóibh iarratas a dhéanamh ar mheasúnú ar a gcumas eagraíochtúil agus ar a nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta i gcomparáid le treoirlínte agus beartas bailíochtaithe QQI.

Fuarthas sé iarratas nua in 2021. Tháinig cúig cinn ó sholáthróirí a bhí ag lorg bailíochtú do chláir BOO amháin, agus ceann amháin ó sholáthraí a bhí ag lorg bailíochtú do chláir AOO.

Leanadh de naoi n-iarratas, a rinneadh roimh 2021, a phlé in 2021. Tá trí cinn fós á bplé. (Féach Aguisín 1.)

### Caidreamh a athbhunú

s ionann caidreamh a athbhunú agus an próiseas trina gcaithfidh soláthraithe oideachais agus oiliúna ar comhaontaíodh a ndearbhú cáilíochta (DC) le HETAC (Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna) nó FETAC (Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna) a léiriú go gcomhlíonann a gcórais rialachais agus DC treoirlínte dearbhaithe cáilíochta QQI. Le linn 2021, fuarthas 44 iarratas ar chaidreamh a athbhunú. Tháinig siad go léir ó sholáthraithe clár BOO amháin. Féach Aguisín 2 le haghaidh achoimre ar ghníomhaíocht in 2021 chomh maith le hachoimre ar stádas an phróisis go dtí seo.

Tabhair faoi deara, sa tréimhse ó Eanáir 2019, gur chuir 121 soláthraí san iomlán deireadh go deonach lena gcuid caidrimh le QQI mar sholáthraithe ábhartha agus mar sin níor ghá dóibh leas a bhaint as an bpróiseas chun caidreamh a athbhunú. I gcásanna áirithe, leanann na soláthraithe seo de chláir a thairiscint ach faoi dhearbhú cáilíochta soláthraí eile.

### Síneadh ar raon feidhme an tsoláthair

Is féidir le soláthraithe atá ag iarraidh iarratas a dhéanamh ar chlárbhailíochtú a bhfuil éilimh acmhainne agus/nó dearbhaithe cáilíochta acu atá i bhfad thar a bhfuil bailíochtaithe dóibh faoi láthair, iarratas a dhéanamh go leathnófaí a ‘raon feidhme soláthair’. Cuimsíonn sé seo measúnú ar chumas an tsoláthraí an cineál nua soláthair a bhainistiú agus a cháilíocht a dhearbhú.

In 2021, fuarthas naoi n-iarratas ar leathnú ar raon feidhme den sórt sin. D’iarr ocht gcinn formheas do chláir foghlama cumaisc agus d’iarr ceann amháin ceadú chun cláir ardoideachais a chur isteach lena mbailíochtú. As na naoi n-iarratas, ceadaíodh cúig cinn agus bhí ceithre cinn fós idir lámha ag deireadh na bliana.

### Clárbhailíochtú

Is próiseas rialála é an bailíochtú trína gcinntear cibé an gcomhlíonann clár oideachais nó oiliúna soláthraí na critéir atá leagtha síos do dhámhachtain QQI. Gheofar achoimre in Aguisín 3 ar líon na n-iarratas cláir a próiseáladh in 2021. Tagraíonn athbhailíochtú do phróiseas athnuachana do chláir a bhí bailíochtaithe roimhe seo ag QQI ach atá athraithe anois agus a dteastaíonn ceadú úr uathu. Rinneadh 44 clár AOO agus clár BOO amháin a athbhailíochtú in 2021. Féachann QQI le cinntiú go gcuirtear 90% ar a laghad d’iarratais ar bhailíochtú i gcrích

laistigh de 25 seachtaine (ón dáta a fhaightear an t-iarratas go cinneadh Choiste Feidhmiúcháin na gClár agus na nDámhachtainí QQI (CFCD). I gcaitheamh 2021, ba é 18 seachtaine an fad meánach, agus ba é 42 seachtaine an t-achar ab fhaide. 25 seachtain nó faoina bhun a thóg a bhformhór (87%). Nuair a thóg aon iarratas níos faide ná an spriocfhad, chuathas i gcomhairle leis an soláthraí i dtrácht i ngach cás agus thángthas ar chomhaontú. Críochnaíodh 100% de na hiarratais ar athbhailíochtú laistigh den sprioc 25 seachtaine.

## D. Cuirfimid faisnéis chuimsitheach ar fáil agus aithneofar muid mar ghuth údarásach ar sholáthar ardchaighdeán oideachais agus oiliúna agus ar na caighdeáin atá ar fáil in Éirinn

### Láithreán gréasáin nua QQI

Forbraíodh suíomh gréasáin corparáideach nua le linn 2021. Ba dheis é don QQI faisnéis údarásach a sholáthar laistigh de struchtúr inrochtana agus feidhm chuardaigh, rud a chuireann feabhas ar thaithí ár gcuairteoirí ar an suíomh gréasáin. Soláthraíonn an suíomh gréasáin nua ardán freisin chun rannpháirtíocht níos fearr le geallsealbhóirí a chur chun cinn agus chun sástacht iomlán custaiméirí le seirbhísí QQI a fheabhsú.

### Meáin dhigiteacha

Lean ár gcur chuige maidir le cumarsáid dhigiteach le linn COVID-19 ar feadh 2021 le fás leantóirí agus rátaí arda rannpháirtíochta ar fud ár n-ardáin meán sóisialta go léir (féach QQI in uimhreacha).


### Clár Cáilíochtaí na hÉireann

Tá Clár Cáilíochtaí na hÉireann ag obair ó bhí 2020 ann, agus liostaítear ann os cionn 11,000 clár agus 8,000 cáilíocht, ó 374 soláthraí, atá aitheantas laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Le linn 2021, chuir an Clár ar chumas QQI freagra a thabhairt ar fhiosrúcháin trí fhaisnéis iontaofa agus chruinn a sholáthar ar cháilíochtaí do chéimithe agus do pháirtithe leasmhara eile.

I mí na Nollag 2021, d'fhoilsigh QQI, i gcomhar leis an Lárionad Náisiúnta Europass, sonraí an IRQ do chláir ardoideachais ar Chlár nua Tacar Sonraí Cáilíochtaí Europass (QDR) ag www.europass.ie, rud a fhágann gur féidir an fhaisnéis seo a fheiceáil ar leibhéal AE. Bhí comhoibriú ó na forais cháiliúcháin ainmnithe ríthábhachtach chun an dá bhunachar sonraí seo a líonadh isteach go cuimsitheach.

### Aitheantas do cháilíochtaí eachtracha

Óstálann QQI NARIC Ireland, seirbhís chomhairleach saor in aisce maidir le haithint cáilíochtaí eachtracha in Éirinn, mar chuid de líonra domhanda gníomhaireachtaí aitheanta cáilíochtaí, líonra a dtugtar ENIC-NARIC air. Beidh ionadaíocht ag QQI ar Bhiúró ENIC-NARIC go dtí 2023. Bainistíonn an Biúró obair an ghréasáin Eorpaigh. Cuireadh an cruinniú líonra a bhí beartaithe ag an mBiúró a óstáil i mBaile Átha Cliath ar athló mar gheall ar COVID-19. Mar sin féin, leanadh den phleanáil thar 2021 don imeacht tábhachtach seo a bheidh ar siúl anois in 2022




| Íoslódálacha bunaithe ar an Aontas Eorpach ó láithreán gréasáin NARIC Ireland | Íoslódálacha bunaithe go hidirnáisiúnta ó láithreán gréasáin NARIC Ireland |
|---|---|
| Éire, 12% | An Bhrasaíl, 26% |
| An Spáinn, 10% | RA, 14% |
| An Pholainn, 9% | An India, 10% |
| An Chróit, 5% | An Afraic Theas, 5% |
| An Iodáil, 5% | An Astráil, 4% |

Ag deireadh 2021, bhí 1,501 ráiteas inchomórtais liostaithe i mbunachar sonraí NARIC Ireland, méadú ó 101 in 2020.

B'ionann trácht ar an suíomh gréasáin agus 52,321 cuairt aonair ar leathanaigh tíre agus 21,861

íoslódáil de leathanaigh tíre chomh maith le níos mó ná 1,159 ceist ar líne agus trí ríomhphost. Ina theannta sin, fuarthas breis agus 3,000 fiosrúchán tríd an gcóras Bainistíochta Caidrimh le Custaiméirí (CRM), ar an nguthán agus ar ríomhphost.

Cé gur laghdaigh paindéim COVID-19 soghluaisteacht dhomhanda go suntasach, léiríonn an t-éileamh sonrach foriomlán ach ní éileamh coibhneasta an tionchar seo; maireann na patrúin ghinearálta íoslódála céanna ó na dlínsí céanna atá comhréireach lena chéile ó bhliain go bliain.

Is comhpháirtí é NARIC Ireland i roinnt tionscadal Erasmus+. Áiríodh ar ghníomhaíochtaí do 2021 suirbhé a bhain le feasacht na mac léinn ar chalaois sa mheasúnú, agus foilseofar na torthaí in 2022 (Tionscadal FraudScan).

Rinne an tionscadal AddsUp suirbhé ar fud an Aontais a chruinnigh faisnéis faoi cé chomh digitithe is atá an Forlíonadh Dioplóma agus reáchtáladh imeacht piarfhoghlama d'institiúidí ardoideachais chun digitiú an fhorlíonta a phlé. Táthar ag súil go dtabharfar an obair thionscadail chun críche in 2022.

Rinne QQI/NARIC Ireland i gcomhar le pointí comhordaithe náisiúnta Chreat Cáilíochtaí na hEorpa cur i láthair freisin ag Comhdháil Bhliantúil an Chomhlachais um Ghairmithe Meastóireachta Creidmheasa Idirnáisiúnta (TAICEP) ar théama an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí (EQF) agus Aitheantas do Cháilíochtaí – Naisc a Dhéanamh agus Aghaidh a thabhairt ar Dhúshláin Nua.

### Qualifax

Óstálann QQI Qualifax, ar bunachar sonraí na hÉireann d'fhoghlaimeoirí é, trína gcuirtear faisnéis chuimsitheach neamhchlaonta ar roghanna breisoideachais agus ardoideachas agus oiliúna ar fud na hÉireann.

In 2021, d'úsáid 678K duine láithreán gréasáin Qualifax, agus bhí tionchar ag dúnadh scoileanna le linn Covid-19 san iomlán ar na huimhreacha. Tá éagsúlachtaí léirithe freisin sa phatrún tráchta de bharr athruithe ar scrúduithe na hArdteistiméireachta, torthaí agus tairiscintí CAO. I rith na bliana, rinneadh nuashonruithe ar thart ar 14,689 cúrsa breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna atá ar an láithreán agus rinneadh ár liostú leathan imeachtaí a bhaineann le gairm bheatha d'úsáideoirí a nuashonrú go minic do scoileanna agus d'institiúidí, tar éis dóibh a gcuid imeachtaí a choigeartú.

In 2021, thug QQI faoi Athbhreithniú ar an gCreat Bainistíochta Ábhar ar shuíomh gréasáin Qualifax chun faisnéis a athbhreithniú agus a bhailiú faoin suíomh gréasáin reatha, faoina úsáideoirí agus faoina dtaithí. Cuireadh na torthaí faoi bhráid Fheidhmeannacht agus Bhord QQI, agus iad ag pleanáil an bhealaigh chun cinn d'athfhorbairt an tsuímh Ghréasáin in 2022.

### Fíorú Cáilíochtaí

Bhí éileamh ard ar an tseirbhís seo i gcónaí in 2021. Rinneadh na hiarrataí seo ar chúiseanna éagsúla m.sh. cruthúnas cáilíochtaí d'fhostóirí, seirbhísí meastóireachta oideachais, iarratais ar choláistí agus riachtanais chónaitheachta i dtíortha eile. In 2021, d'fhreagair QQI 2,194 iarratas ó shealbhóirí dámhachtainí a rinne QQI agus a fhorais cháiliúcháin oidhreachta. D'fhás líon na n-iarratas de 5% i gcomparáid le figiúirí 2020.

### Seirbhís Athsholáthair Teastais

Próiseáladh 179 iarratas ar dheimhnithe athsholáthair in 2021, méadú 10% ar 2020. Tugadh an tseirbhís isteach in 2019 agus tá líon na n-iarratas ag méadú i gcónaí ó shin i leith.

### Babhta deimhnithe breise

In 2021, d'éascaigh QQI rith deimhniúcháin breise i mí Iúil mar gheall ar phaindéim COVID-19.

### Na chéad teastais mhiondámhachtana BOO

In 2021, d'eisigh QQI teastais do na chéad mhiondámhachtainí BOO. Is miondámhachtainí iad seo atá leabaithe laistigh de dhá Dhámhachtain Sainchuspóirí. Cuireadh seachtó a ceathair foghlaimeoir isteach le haghaidh deimhniúcháin i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus 8 bhfoghlaimeoir i mí na Nollag 2021.

# TOSAÍOCHT 2
## Anailís agus tionchar

A. Úsáidfear ár measúnachtaí neamhspleácha ar sholáthraithe agus mheastóireachtaí faoi threor soláthraithe agus ár dtaighde agus anailís ar mheastóireachtaí faoi threoir soláthraithe chun comhairle ardleibhéal a chur ar dhéantóirí beartais agus ar mhaoinitheoirí maidir leis an gcáilíocht sa chóras oideachais agus oiliúna

### Monatóireacht agus athbhreithniú ar ardoideachas

Bhí tionchar ag na srianta sláinte poiblí de bharr COVID-19 agus ag na hiarratais ar ollscoileanna teicneolaíochta nua (TU) a bhunú ó roinnt de na hinstitiúidí teicneolaíochta ar sceideal Athbhreithnithe CINNTE do 2021. Comhaontaíodh amlíne athbhreithnithe leis na hinstitiúidí sin a d'iarr síneadh ama mar gheall ar thionchair COVID-19, agus cuireadh athbhreithnithe CINNTE ar fionraí do na hinstitiúidí teicneolaíochta sin a rinne iarratas ar bheith ina TU.

Rinneadh an chéad athbhreithniú ar ollscoil teicneolaíochta nua, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, in 2021. Gheofar sonraí na n-athbhreithnithe, lena n-áirítear comhdhéanamh na bhfoirne athbhreithnithe saineolaithe, dátaí lárnacha agus na tuarascálacha athbhreithnithe deiridh, chomh maith le próifílí cáilíochta do na hinstitiúidí, i Leabharlann Athbhreithnithe QQI.

Foilsíodh anailís téamach neamhspleách ar na chéad seacht dtuarascáil athbhreithnithe CINNTE agus seoladh í ag seimineár gréasáin i mí Eanáir 2021. Bhí Cathaoirleach Choiste Formheasa agus Athbhreithnithe QQI, agus ball de bhord QQI, Irene Sheridan, ina cathaoirleach ar an seimineár gréasáin agus rinne Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan a dtaithí ar phróiseas athbhreithnithe CINNTE a roinnt freisin.

In 2021, fuair QQI tuarascáil cháilíochta bhliantúil ó gach ceann de na 21 institiúid ardoideachais a rialaítear go poiblí, agus tar éis próiseas píolótach in 2020, chuir 17 n-institiúid ardoideachais neamhspleácha agus phríobháideacha tuarascáil bhliantúil isteach den chéad uair. Foilsítear gach tuarascáil cháilíochta bhliantúil d'institiúidí ardoideachais poiblí agus príobháideacha ar láithreán gréasáin QQI.

### Léargais ar Cháilíocht san Ardoideachas

Cuirtear tuarascáil sintéise de na AQRanna le chéile gach bliain mar chuid den sraith QQI Insights. Aithníonn sintéis na cáilíochta san ardoideachas príomhthéamaí sna Tuarascálacha Cáilíochta Bliantúla i dtaca le forbairt cáilíochta agus gníomhaíochtaí feabhsaithe a thuairiscigh na hinstitiúidí. Aibhsíonn agus scaipeann na tuarascálacha sintéise dea-chleachtas agus sainaithnítear príomhréimsí fócais don earnáil ardoideachais le linn na tréimhse tuairiscithe. Foilsíodh na tuarascálacha sintéise do Thuarascálacha Cáilíochta Bliantúla 2021 a cuireadh isteach in 2022, lena n-áirítear tuarascáil ar cháilíocht san earnáil phríobháideach agus neamhspleách ardoideachais den chéad uair. Tá na tuarascálacha ar fáil ag QQI Insights 2021.

### Cruinnithe Dialóige Cáilíochta

Mar chuid dá fheidhm mhonatóireachta, seolann QQI cruinnithe comhphlé cáilíochta le hinstitiúidí ardoideachais. Eagraíodh an chéad sraith cruinnithe comhphlé cáilíochta idir Iúil agus Meán Fómhair 2021 leis na 17 n-institiúid ardoideachais neamhspleácha agus phríobháideacha a chuir tuarascáil cháilíochta bhliantúil isteach.

Thug na cruinnithe comhphlé cáilíochta deis don QQI agus do na hinstitiúidí plé a dhéanamh ar thionchar agus ar éifeachtúlacht forbairtí agus feabhsuithe ar dhearbhú cáilíochta laistigh de chóras cáilíochta inmheánach na n-institiúidí le linn thréimhse na tuarascála. I measc na n-ábhar a tháinig chun cinn lena bplé ag na cruinnithe bhí an tionchar a bhí ag athbhunú caidrimh ar fhorbairt straitéiseach an chórais um dhearbhú cáilíochta inmheánach agus eispéiris agus tionchar COVID-19 ar theagasc, ar fhoghlaim, ar mheasúnú agus ar phróisis cháilíochta inmheánacha.

Tiomsaíodh dhá thuarascáil sintéise, ceann ar Cháilíocht in Institiúidí Ardoideachais Poiblí na hÉireann agus an dara tuarascáil ar Ardchaighdeán in Institiúidí Ardoideachais Príobháideacha agus Neamhspleácha na hÉireann, as na tuarascálacha cáilíochta bliantúla. Tá na tuarascálacha sintéise foilsithe ar an suíomh gréasáin.

### Athbhreithniú tionscnaimh ar an boird oideachais agus oiliúna

Cuireadh tús i Márta 2021 leis an gcéad chéim den athbhreithniú tionscnaimh ar bhoird oideachais agus oiliúna (BOOnna) nuair a cuireadh deireadh le cuairt athbhreithnithe fhíorúil ó shainfhoireann sheachtrach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Tugadh na cuairteanna athbhreithnithe fíorúla eile do Chéim 1 den athbhreithniú tionscnaimh
ar BOOnna chun críche i mí an Mheithimh 2021, nuair a tugadh cuairteanna athbhreithnithe fíorúla ar BOO Laoise agus Uíbh Fhailí, BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, BOO Dhún na nGall agus BOO Chorcaí.

Leanadh den mhionteagasc agus den oiliúint do na ceithre fhoireann athbhreithnithe Chéim 2 agus de chuairteanna pleanála ina dhiaidh sin isteach in 2021 le cuairteanna athbhreithnithe fíorúla i mí na Samhna agus mí na Nollag ar BOO an Chabháin agus Mhuineacháin, BOO Phort Láirge agus Loch Garman, BOO Chiarraí agus BOO Chill Chainnigh agus Cheatharlach.

Cuireadh tús freisin le pleanáil agus le hullmhúchán in 2021 do Chéim 3 den chéad athbhreithniú ar na BOOnna, le mionteagasc don fhoireann athbhreithnithe do BOO Thiobraid Árann i mí na Samhna agus cuairt phleanála fhíorúil ar an BOO i mí na Nollag ina dhiaidh sin.

Seoladh na cúig thuarascáil athbhreithnithe ó Chéim 1 ar an 13 Nollaig 2021, chun an "chéad léargas" a thabhairt ar éifeachtacht an dearbhaithe cáilíochta san earnáil.  Tá na tuarascálacha athbhreithnithe foilsithe ar shuíomh gréasáin QQI i leabharlann an athbhreithneora.

## B. Cuirfimid treoir ar fáil do sholáthraithe agus measúnóimid iad chun breisiú cáilíochta a spreagadh agus a chur chun cinn sa soláthar oideachais agus oiliúna

### Sraith seimineár foghlama cumaiscthe

Leanadh le Sraith Seimineár Foghlama Cumaisc QQI in 2021 - cuireadh tús leis an tsraith in 2020 mar chuid de fhreagairt QQI ar COVID-19 chun tacú le cleachtóirí dearbhaithe cáilíochta agus leo siúd a bhfuil baint acu le bainistíocht acadúil sa bhreisoideachas agus san ardoideachas. Chuir sraith comhghleacaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ó BO agus AO a gcuid saineolais agus taithí i láthair. Díríodh sna seimineáir ar 'Aligning Assessment, Learning and Teaching for Quality Assurance in Further and Higher Education Contexts' and on 'Successful and Meaningful Student Engagement- Planning for 2021-2022'. Leanfaidh an tsraith ar aghaidh in 2022.

### Iomláine acadúil a fheabhsú

In 2021, reáchtáladh na tionscnaimh feabhsúcháin seo a leanas le lucht féachana seachtracha:

- **Sraith seimineár gréasáin an Líonra Náisiúnta Iomláine Acadúla (NAIN):** Sheachaid saineolaithe idirnáisiúnta sa réimse ceithre sheimineár gréasáin:
    - Cath Ellis (Ollscoil New South Wales)
    - Phillip Dawson (Ollscoil Deakin, An Astráil)
    - Thomas Lancaster (Imperial College Londain)
    - Calgary).

  Tá taifeadtaí de na seisiúin uile ar fáil ar chainéal YouTube YouTube QQI.

- **An tSeachtain Náisiúnta um Iomláine Acadúil 2021:** d'eagraigh QQI an dara seachtaine um iomláine acadúil, á shioncronú le Lá Domhanda na hEitice agus Lá Idirnáisiúnta an ICAI i gcoinne Caimiléireacht Chonartha. Chuimsigh an tseachtain seisiúin ó raon ball de NAIN, sraith gréasáin NAIN a thug an Dr Thomas Lancaster mar aon le ceithre cheardlann de chuid an Líonra Eorpaigh um Shláine Acadúil (ENAI) – clár de 17 seimineár gréasáin agus ceardlann i rith na seachtaine ar fad. Chríochnaigh an tseachtain le Painéal Náisiúnta na Mac Léinn, faoi cheannas Aontas na Mac Léinn in Éirinn, ag plé pointí a ardaíodh i rith na seachtaine.

- **Seoladh acmhainní arna bhforbairt ag NAIN d'institiúidí ardoideachais:** Chuir

meithleacha NAIN dhá phríomhacmhainn um iomláine acadúil ar fáil, a sheol an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíocht, Simon Harris i mí Mheán Fómhair – Treoirlínte um Iomláine Acadúil agus Iomláine Acadúil: Prionsabail Náisiúnta lena n-áirítear Foclóir Téarmaí.

- **Taighde agus tuarascáil ríomh-phrocadóra:** Choimisiúnaigh QQI taighdeoir neamhspleách chun taighde a dhéanamh ar ríomhsheirbhísí prócadóra.I gcomhar leis an Aonad Rannpháirtíochta Geallsealbhóirí (SEU) agus bainisteoir NAIN, reáchtáladh sraith agallamh le comhghleacaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Foilsíodh tuarascáil deiridh – Ríomhsheirbhísí prócadóra - teoiric agus cleachtas: athbhreithniú – ar líne mar chuid den sraith QQI Insights. Chuir an taighdeoir an tuarascáil seo i láthair freisin i seimineár gréasáin i Samhain.

## C. Déanfaimid anailís chúramach agus tuairisceoimid ar thorthaí an chórais cháilíochtaí chun eolas a chur ar fáil do chinnteoirí oideachais agus do chinnteoirí margadh saothair.

### QQI Data Series

D'fhoilsigh QQI an tríú eagrán den QQI Data Series, dar teideal 'QQI early exploration into Micro-credentials in Higher Education, 2014-2020'. Scrúdaíonn an anailís soláthar, éileamh agus treochtaí cáilíochtaí le toirt ≤ 30 ECTS in Éirinn, bunaithe ar shonraí deimhnithe agus bailíochtaithe QQI, sonraí tairsí IRQ agus sonraí arna soláthar ag an ÚAO. Is cloch mhíle é an comhoibriú leis an ÚAO chun an obair seo a chur i gcrích inár n-iarrachtaí chun comhoibriú agus comhroinnt sonraí a mhéadú le gníomhaireachtaí náisiúnta ábhartha eile.

Ó 2018, tá anailís bhliantúil ar shonraí deimhniúcháin QQI á foilsiú ag QQI, go luath sa bhliain. Soláthraíonn sé anailís ar dhámhachtainí QQI a dhéantar gach bliain de réir leibhéal CNC, aicme, réimse foghlama, cineál soláthraí agus próifíl foghlaimeora do sholáthraithe breisoideachais agus oiliúna (FET) agus soláthraithe ardoideachais áirithe (HE). Áirítear san anailís ar shonraí deimhnithe QQI do 2020, a foilsíodh in 2021, anailís ghearr ar an tionchar a bhí ag srianta Covid-19 ar líon na ndámhachtainí a rinne QQI in 2020.

### Anailísí staitistiúla

D'fhorbair QQI anailís fadaimseartha de chineál nach bhfacthas roimhe seo ar shonraí ar cháilíochtaí a bhaineann le cúram leanaí a foilsíodh in 2021 – The Path to Early Childhood Education and Care – QQI Early Childhood Education and Care Graduates at NFQ Levels 5 and 6 (2014-2019)

Rinne QQI anailís staitisticiúil tosaigh chun tuiscint nios fearr a fháil ar conas a bhfuil mórdhámhachtainí Leibhéal 5 den CNC sa réimse cúram sláinte agus leasa (iad siúd amháin atá mar chuid 'dhílis' den chóras cúram sláinte .i. na dámhachtainí: Cúram Pobail (5M2786), Seirbhísí Cúraim Sláinte (5M4468), Scileanna Seirbhíse Sláinte (5M3782), Tacaíocht Sláinte (5M4339), Staidéar Altranais (5M4349)) á n-úsáid ag foghlaimeoirí. Cabhróidh an anailís chun bonn a chur faoi bheartas oideachais agus oiliúna sa réimse seo.

### Taighde

Sheachaid Ecctis a thuarascáil a choimisiúnaigh QQI dar teideal "Evaluation of the comparability of the Advanced Certificate and Higher Certificate qualifcations". Scaipeadh an tuarascáil seo ar na príomhpháirtithe leasmhara agus foilseofar í ina hiomláine in 2022.

Foilsíodh trí thuarascáil ar an anailís ar ábhar na dtuarascálacha formheasta agus athbhreithnithe clár a d'fhoilsigh ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus comhlachtaí gairmiúla faoi seach idir 2015 agus 2018.

Cuireadh tús in 2021 le tionscadal dar teideal "Rethinking Assessment: stakeholder perspectives". Is éard a bhí i gceist leis an gcéad chuid den tionscadal seo ná tuairimí soláthraithe agus príomh-oideoirí ar mheasúnú a bhailiú, trí shraith agallamh déthaobhacha. Tá an dara cuid den tionscadal seo le tosú in 2022, ag díriú ar pheirspictíocht an fhoghlaimeora.

# **CÁS-STAIDÉAR -** AN CHÉAD SRAITH CRUINNITHE COMHPHLÉ CÁILÍOCHTA LE HINSTITIÚIDÍ PRÍOBHÁIDEACHA AGUS NEAMHSPLEÁCHA ARDOIDEACHAIS



Mar chuid dá fheidhm mhonatóireachta, seolann QQI cruinnithe comhphlé cáilíochta le hinstitiúidí ardoideachais. Seoltar iad seo ar bhonn débhliantúil do gach IAO a rialaítear go poiblí.

Idir Meitheamh agus Meán Fómhair 2021, reáchtáladh Cruinnithe Comhphlé Cáilíochta den chéad uair leis na 17 n-institiúid phríobháideacha agus neamhspleácha ardoideachais, a chuir tuarascáil cháilíochta bhliantúil faoi bhráid QQI.

Tugann na Cruinnithe Comhphlé Cáilíochta deis don QQI agus do na hinstitiúidí araon plé agus breithniú a dhéanamh ar raon saincheisteanna a bhaineann le córas inmheánach um dhearbhú cáilíochta na n-institiúidí, lena n-áirítear forbairtí, feabhsuithe agus tionchair i réimse an dearbhaithe cáilíochta, mar atá leagtha amach sa tuarascáil cháilíochta bhliantúil.

Ós rud é gurbh iad seo na chéad chruinnithe comhphlé cáilíochta tar éis an phróisis chun caidreamh a athbhunú le QQI, thug na cruinnithe deis plé a dhéanamh ar na feabhsuithe ar chórais dearbhaithe cáilíochta na n-institiúidí mar thoradh ar chomhairle an phainéil sheachtraigh a fuarthas trí athbhunú an chaidrimh.

Tionóladh na cruinnithe ag deireadh na bliana acadúla ag tabhairt deis thráthúil chun tionchar agus freagairtí na n-institiúidí ar COVID-19 a phlé, go háirithe maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú agus córais inmheánacha um dhearbhú cáilíochta.
Is gné thábhachtach iad cruinnithe comhphlé cáilíochta de chreat rannpháirtíochta cáilíochta QQI le hinstitiúidí ardoideachais, agus ba chloch mhíle thábhachtach iad na chéad chruinnithe comhphlé seo in 2021 i gcúrsaí forbartha agus breisithe cáilíochta san earnáil phríobháideach agus neamhspleách ardoideachais.

# TOSAÍOCHT 3
## Comhoibriú agus Rannpháirtíocht

### A. Déanfaimid ár ndícheall chun tionchar a imirt ar bheartas tríd an teagmháil atá againn leis an rialtas, le cisteoirí poiblí agus le pháirtithe leasmhara eile

#### Seoladh na Straitéise agus Fóram Cáilíochta agus Cáilíochtaí na hÉireann

I Samhain 2021, sheol QQI a Ráiteas of Straitéise 2022-2024. Ina theannta sin, seoladh Fóram Cáilíochta agus Cáiliochtaí na hÉireann mar fhóram straitéiseach a thacóidh le forbairt an chórais cáilíochtaí agus DC. Bhí foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara ó gach cearn den chóras breisoideachais agus ardoidheachais i láthair ag an ócáid seolta.

Cuirfidh an Fóram nuabhunaithe ardán ar fáil chun plé a dhéanamh ar dhúshláin cháilíochta agus cháilíochtaí a éilíonn cur chuige comhoibríoch nuálaíoch. Tá an bhallraíocht faoi athbhreithniú agus beidh nuashonruithe le teacht in 2022.

### B. Rachaimid i gcomhar le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, comhpháirtithe sóisialta agus comhlachtaí gairmiúla aitheantais chun ár gcion a dhéanamh chun beartas comhordaithe a bhaint amach i dtaca le riachtanais scile,rialacháin agus caighdeáin agus cáilíochtaí gaolmhara gairme.

#### Dul i mBun Oibre le Comhlachtaí Gairmiúla Reachtúla & Rialála

Lean QQI lena chlár Finding Common Ground de dhul i mbun oibre le comhlachtaí gairmiúla, reachtúla agus rialála (CGRRanna) in 2021, nuair a óstáladh ceithre imeacht chun malartú faisnéise a éascú idir CGRRanna agus institiúidí ardoideachais i rith na bliana. Ba í 2021, leis, an bhliain ina ndeachaigh QQI i gcomhairle maidir le Principles for Accreditation and other Professional Engagements.pdf (qqi.ie), á thabhairt chun críche agus á sheoladh. Principles for Accreditation and other Professional Engagements.pdf (qqi.ie). Leagtar amach sa doiciméad prionsabail ardleibhéil a bhfuil sé mar aidhm acu róil PSRBanna, institiúidí ardoideachais agus QQI maidir le creidiúnú agus caidreamh gairmiúil eile a shoiléiriú, agus — ar deireadh — a chinntiú go bhfuil próisis acadúla agus gairmiúla ag ailíniú níos éifeachtaí lena chéile, ionas go laghdófar an t-ualach riaracháin ar gach páirtí. Go dtí seo, tá na prionsabail formhuinithe ag 15 CGRR agus 21 institiúid ardoideachais. Cuireann QQI fáilte i gcónaí roimh fhormhuinithe ó institiúidí ardoideachais agus ó CGRRanna.

#### Rochtain ar ardoideachas ag baint úsáid as dámhachtainí QQI

Is bealach seanbhunaithe í an Scéim Naisc Ardoideachais do shealbhóirí dámhachtainí QQI chun rochtain a fháil ar chláir oideachais tríú leibhéal. Tacaíonn QQI leis an scéim seo trí shonraí torthaí scóráilte a sholáthar don Lár-Oifig Iontrála (CAO) chun a chur ar chumas institiúidí tríú leibhéal tairiscintí a dhéanamh do shealbhóirí dámhachtainí QQI. Ar an meán gach bhliain, úsáideann 12,000 iarratasóir CAO a ndámhachtain QQI agus iarratas ar choláiste á dhéanamh acu. Gach bliain, faigheann 5,000 sealbhóir dámhachtana QQI tairiscintí do réimse leathan cúrsaí tríú leibhéal bunaithe go hiomlán ar a ndámhachtain QQI.

#### Fóram Comhairleach an Chreata Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta (NFDE)

In 2021 leanadh den obair chun an Creat Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta (NFDE) a chur i bhfeidhm, le tacaíocht ón bhFóram Comhairleach Náisiúnta (pobal cleachtais taighde), a bhfuil QQI agus an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO) ina gcomhchathaoirligh air.

Chun tacú le hobair an Fhóraim Chomhairligh, chuaigh QQI i gcomhar leis an ÚAO, Cumann

Ollscoileanna na hÉireann (IUA) agus an Cumann Ardoideachais Teicneolaíochta (THEA) chun tuarascáil Réitigh an EUA a choimisiúnú dar teideal 'The National Framework for Doctoral Education in Ireland: Report on its Implementation by Irish Higher Education Institutions'. Foilsíodh an tuarascáil in 2021 agus luadh roinnt moltaí ann. Bhunaigh an Fóram Comhairleach NFDE grúpaí oibre chun freagairt do na moltaí a aibhsíodh.

## C. Oibreoimid i gcomhar le soláthraithe agus comhlachtaí bronnta chun comhfhreagracht as córas ardchaighdeáin oideachais agus oiliúna a chur chun cinn trina spreagfar trédhearcacht agus feabhsú.

### Iomláine Acadúil

#### An Líonra Náisiúnta um Shláine Acadúil (NAIN)

Lean an NAIN ag fás i méid go 92 ball ar fud 32 institiúid ardoideachais, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ionadaíocha AO, oifigigh Aontas na Mac Léinn de chuid USI (SU) agus QQI. Lean na baill de bheith ag obair sa suí iomlánach chun obair leanunach a phlé. Bhí cúig chruinniú iomlánacha ann i rith na bliana.

Lean na trí Ghrúpa Oibre NAIN lena gcuid oibre, ag forbairt tionscnamh bunaithe ar a gcuid cuspóirí. Tháirg Grúpaí Oibre 1 agus 2 dhá acmhainn Treoirlínte ionracas acadúil agus Iomláine Acadúil: Prionsabal Náisiúnta agus Foclóir de Théarmaí Coiteann, foilsithe ar shuíomh Gréasáin QQI.

Reáchtáil Grúpa Oibre 3 dhá fheachtas chun feasacht a ardú i measc mac léinn ardoideachais agus tháirg sé sraith crosfhocail ar líne freisin mar phóstaer a forbraíodh le USI, ag cur béim ar na contúirtí do mhic léinn a bhaineann le caimiléireacht, a thaispeánfar ar champais agus ar líne. D'óstáil QQI seisiúin faisnéise d'oifigigh USI agus SU ar iomláine acadúil.

**NStEP:** comhaontaíodh in 2021 tionscadal idir an tAonad Rannpháirtíochta Geallsealbhóirí (SEU) agus NStEP. Tá sé seo le tosú in 2022 nuair a chuirfear modúl nua ar líne ar iomláine acadúil i dtoll a chéile, mar chuid de phacáiste oiliúna na n-ionadaithe ranga.

## D. Rachaimid i gcomhar le comhlachtaí ionadacha d'fhoghlaimeoirí chun dea-chleachtas i measc soláthraithe a spreagadh.

Lean QQI ar aghaidh in 2021 ag aithint deiseanna chun oibriú le foghlaimeoirí. Mar chomhaltaí, bhíomar páirteach i ngrúpaí náisiúnta éagsúla, ar nós Grúpa Comhairleach Fhóram Foghlaimeoirí Náisiúnta BOO faoi threoir Aontas agus Grúpa Stiúrtha StudentSurvey.ie agus an Grúpa um Anailís agus Tionchar chomh maith le hobair an Chláir Náisiúnta Rannpháirtíochta Mac Léinn (NStEP) a stiúradh in éineacht lenár gcomhpháirtithe, an ÚAO agus Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI).

Rinne QQI urraíocht freisin ar phainéil moltóirí do Dhámhachtainí Aontas STAR 2021 (catagóir Guth an Fhoghlaimeora) agus Gradaim Ghnóthachtála Mac Léinn AMLÉ 2021 (Ionadaí Acadúil na Bliana) agus ghlac sé páirt iontu.

#### An Clár Náisiúnta Teagmhála le Mic Léinn

In 2021, lean an Clár Náisiúnta Rannpháirtíochta Mac Léinn lena chomhpháirtíocht rathúil le QQI, an ÚAO agus Aontas Mac Léinn Éireann (AMLÉ). I rith na bliana, chuir NStEP clár méadaithe oiliúna mac léinn i bhfeidhm, ag dul i dteagmháil le breis agus 1,200 ionadaí mac léinn san earrach agus san fhómhar. Lean NStEP den obair le QQI agus le AMLÉ chun mic léinn a earcú agus a oiliúint chun páirt a ghlacadh i bpainéil athbhreithnithe um dhearbhú cáilíochta chun cleachtais in institiúidí ardoideachais a mheas. De réir mar a lean an phaindéim ar aghaidh ag cur isteach ar an gcaoi ar cuireadh cláir ar fáil, thug an linn athbhreithneoirí cáilíochta mac léinn tacaíocht d'institiúidí ardoideachais.

Ba chloch mhíle mhór é Bealtaine 2021 do NStEP nuair a seoladh creat nua chun tacú le rannpháirtíocht bharántúil mac léinn sa chinnteoireacht. Léiríonn Céimeanna chun na Comhpháirtíochta cur chuige náisiúnta nua i leith rannpháirtíocht mac léinn, chomh maith le deis chun acmhainní agus tionscnaimh nua a chruthú do mhic léinn agus don fhoireann ar fud an ardoideachais.

Bhí an dá intéirneach chomhlachaithe NStEP i gceannas ar réimsí tábhachtacha de rannpháirtíocht na mac léinn as ar lean foilsiú 'Postgraduate Student Engagement in Decision-Making: Fostering ' Connected Learning Communities agus forbairt an mhodúil oiliúna phíolótaigh faoi stiúir na mac léinn 'Léiriú na Éagsúlachta'.

Sheol NStEP freisin an cúrsa oscailte um fhorbairt ghairmiúil Céimeanna i dtreo na Comhpháirtíochta leis an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú an Teagaisc agus na Foghlama (NFETL) le rannpháirtithe ó institiúidí ar fud na hÉireann.  Chuaigh lucht an chláir i gcomhar le AISHE-J (Irisleabhar Chumann Uile-Éireann um Ardoideachas) na múinteoireachta agus na foghlama, chun eagrán speisialta nua a tháirgeadh ar rannpháirtíocht agus comhpháirtíocht mac léinn, atá le foilsiú go luath in 2022.

Tá ocht n-institiúid ardoideachais is fiche ag comhoibriú anois le NStEP chun comhpháirtíochtaí foirne/mac léinn a iniúchadh agus a leabú tuilleadh agus chun deiseanna rannpháirtíochta do mhic léinn a mhéadú ar fud earnáil ardoideachais na hÉireann. Tá NStEP fós oscailte do thacaíocht agus do chomhoibriú leis an bhfoireann agus le mic léinn chun rannpháirtíocht mac léinn a fheabhsú. Cuireann siad fáilte i gcónaí roimh spéis ó institiúidí ardoideachais eile a bheith páirteach sa chlár. Sheachaid QQI dhá sheimineár chomhpháirteacha inar díríodh ar mheasúnú obair-bhunaithe i mí Aibreáin agus mí na Samhna, i gcomhar leis an NFETL.

**Measúnú:** i gcomhar le Ceann an Aonaid Taighde agus Nuálaíochta, cuireadh tús le tionscadal dar teideal "Rethinking Assessment: stakeholder perspectives". Is éard a bhí i gceist leis an gcéad chuid den tionscadal seo ná tuairimí soláthraithe agus príomh-oideoirí ar mheasúnú a bhailiú, trí shraith agallamh déthaobhacha. Tá an dara cuid den tionscadal seo le tosú in 2022, ag díriú ar pheirspictíocht an fhoghlaimeora.

### Insights

D'fhoilsigh QQI dhá 'Insight' mar chuid de Thionscadal Riachtanach an NFETL a dtugtar Next Steps air. Ba chomhoibriú é seo ar bhonn náisiúnta leis na geallsealbhóirí uile.
Díríodh in QQI Insights ar "Assessment" agus "Higher Education Quality and Qualifications" agus tá an dá cheann foilsithe ar láithreán gréasáin QQI. D'óstáil QQI ceann de na seisiúin Na Chéad Chéimeanna Eile mar chuid den seoladh, ar fhreastail Simon Harris T.D., Aire Breidoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta air.

### #MyOwnWork

Mar chuid de ghníomhaíochtaí an Líonra Náisiúnta um Iomláine Acadúil, thacaigh QQI le feachtas cumarsáide a chruthú chun aird mac léinn ardoideachais a dhíriú ar na rioscaí a bhaineann le caimiléireacht conartha agus conas rochtain a fháil ar na seirbhísí tacaíochta ábhartha laistigh dá n-institiúid. Leanadh leis an bhfeachtas #MyOwnWork i rith 2021, ag díriú ar mhic léinn ag gach institiúid phríobháideach agus phoiblí ardoideachais agus cuireadh sraith fócasghrúpaí mac léinn ar an eolas faoi i mí Aibreáin 2021.

### StudentSurvey.ie

Lean an tAonad um Rannpháirtíocht de bheith i dteagmháil le StudentSurvey.ie mar bhall den Ghrúpa Anailíse agus Tionchair. Chomhoibrigh an grúpa chun dhá thuarascáil 2021 - Tuarascáil Náisiúnta Shuirbhé na hÉireann ar Rannpháirtíocht Mac Léinn agus Suirbhé na hÉireann ar Rannpháirtíocht Mac Léinn le haghaidh Taighde Iarchéime- a tháirgeadh agus

chun tacaíocht eagarthóireachta a chur ar fáil dóibh. Gheofar an dá thuarascáil anseo.

## E. Oibreoimid i gcomhar lenár gcomhghleacaithe AE agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile chun tionchar a imirt ar bheartas cáilíochta agus cáilíohtaí Eorpacha agus chun bonn a chur faoinár gcuid oibre anseo in Éirinn.

### EQF-NCP agus an Tionscadal Comhghníomhaíochta Europass 2021-2023

D'ullmhaigh agus chuir Europass agus EQF-NCP Ireland togra trí bliana i bhfoirm Thionscadal Chomhphlean Gníomhaíochta isteach mar chuid de Chlár ERASMUS+ i mBealtaine 2021. Tacaíonn an comhthionscadal seo le cur chun cinn agus eolas leanúnach ar an ardán nua uasghrádaithe Europass agus an EQF dár bpríomhpháirtithe leasmhara ar fud an ardoideachais agus an bhreisoideachais, agus don phobal i gcoitinne. I measc na bpríomhthosaíochtaí EQF don tionscadal tá scéim a fhorbairt d'Fhorais Cháiliúcháin Liostaithe agus cuimsiú dámhachtainí sa Chreat; cur chun cinn leanúnach an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí; agus Clár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ) a chomhtháthú le hardán Chlár Thacair Sonraí na gCáilíochtaí (QDR) agus ullmhú le haghaidh dintiúir dhigiteacha. Críochnaíodh an tionscadal roimhe seo don tréimhse 2018-2020 nuair a cuireadh isteach an tuarascáil deiridh i lár 2021 agus nuair a fuarthas an íocaíocht deiridh ón gCoimisiún Eorpach. Freastalaíodh ar chruinnithe Líonra agus Grúpa Comhairleach don dá shraith go fíorúil in 2021.

### Grúpa Creataí Cáilíochta Cúig Thír

D'óstáil Cáilíochtaí na Breataine Bige an cruinniú bliantúil de chreat cáilíochtaí cúig thíortha i mí Eanáir go fíorúil. Thug an cruinniú dhá lá seo údaráis cháilíochtaí, gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta agus oifigigh rialtais le chéile. Deis iontach a bhí sa chruinniú idirphlé agus malartú beartais a dhéanamh ar fud na RA agus na hÉireann. Cuireann an grúpa ailíniú idir córais náisiúnta cáilíochtaí chun cinn, ag soláthar faisnéise ar ár gcórais chomhcháilíochtaí laistigh den Chomhlimistéar Taistil.

### Meamraim Tuisceana

Rinne QQI agus an Ghníomhaireacht um Ard-Oideachas um Dhearbhú Cáilíochta, an Ríocht Aontaithe (QAA) athnuachan ar a Meabhrán Tuisceana (MT) go ceann trí bliana ó 2021.

Athbhunaíodh an MT idir QQI agus an tÚdarás um Ardoideachas (ÚAO), leis, le héifeacht ó 2021. Féadfar é a athbhreithniú sula gcríochnófar é in 2023 ar feitheamh athruithe reachtaíochta féideartha don ÚAO.

Leanann QQI de bheith ag comhoibriú go dlúth le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a éascaíonn cumarsáid agus comhar faoi na téarmaí a comhaontaíodh sna MTanna. Foilsítear comhaontuithe ar láithreán gréasáin QQI.

# TOSAÍOCHT 4
## Cumas Eagraíochtúil

## Cumas inmheánach a thógáil chun ár bhfeidhmiúlacht a bhuanú, a fheabhsú agus a chur in iúl

A. Leanfaimid ar aghaidh dár ndaoine a thacú agus a fhorbairt chun feidhmeannacht sholúbtha, rannpháirteach, inoiriúnaithe agus inspreagtha a chothú..

### Imeachtaí an Mhoil Fhoghlama

Lean na haonaid Chumarsáide agus Acmhainní Daonna dá sraith láithreoireachtaí ar An Mol Foghlama do chomhghleacaithe QQI. Tugann an tsraith seo deis dúinn foghlaim faoi thionscnaimh inmheánacha agus sheachtracha. In 2021, bhí an-áthas orainn go raibh comhghleacaithe ó SOLAS i láthair ag déanamh cur i láthair ar fhorbairt chomhoibríoch chúlra na straitéise 10 mBliain um Litearthacht Aosach, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach; agus ón HEA ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a Chur Chun Cinn in Ardoideachas na hÉireann. Chuir bainisteoir NAIN trí sheimineár gréasáin ar fáil le comhghleacaithe mar chuid den tsraith seo. Dhírigh siad seo ar iomláine acadúil agus measúnú tionchair.

C. Infheisteoimid tuilleadh airgid inár mbonneagar TFC agus inár gcumas inmheánach mar shlí chun táirgiúlacht na heagraíochta a fheabhsú tuilleadh agus seirbhísí dár gcliaint a bhreisiú.

### Tairseach Soláthraithe QQI

Le linn 2021, leanadh den obair fhorbartha ar Qhub, tairseach TF nua QQI do sholáthraithe. Tá sé deartha chun iarratais shlána a dhéanamh ar líne ar sheirbhísí QQI a éascú agus rochtain soláthraithe ar a gcuid sonraí féin a mhéadú.

Críochnaíodh modúl um Thuairisciú Bliantúil Cáilíochta (AQR) a chuir ar chumas soláthraithe tuarascálacha a uaslódáil a thaispeánann cás-staidéir ar thionscnaimh cháilíochta atá déanta acu le bliain anuas.

Ag an am céanna, cuireadh modúl Bainistíochta Painéil i dtoll a chéile a chuir ar chumas saineolaithe comhoibriú i dtreo tuarascáil deiridh mar chuid den phróiseas bailíochtaithe cláir. Bainfear úsáid as an modúl seo freisin le haghaidh próisis eile amhail ath-rannpháirtíocht agus dícheall cuí de réir a chéile.

Leathnaíodh an modúl Taistil agus Cothabhála thar úsáid na foirne le cur ar chumas saineolaithe a dtáillí laethúla a éileamh.

**Bailiú Sonraí** – cuireadh tús le hobair ar mhodúl bailithe sonraí. Forbraíodh é, ar dtús, chun sonraí cláir agus foghlaimeoirí a ghabháil chun tacú leis an bpróiseas um chosaint foghlaimeoirí cláraithe.

### Feabhsuithe Slándála

Rinneadh obair shuntasach in 2021 chun leanúint ar aghaidh ag cosaint seirbhísí agus córais TF QQI. Áiríodh leo seo feidhmiú céimneach uirlis Oiliúna Feasachta Slándála don fhoireann ar fad, measúnuithe slándála leanúnacha, athbhreithniú agus nuachóiriú ár mbeartais pasfhocail agus fíordheimhniúcháin. Cuireadh bearta slándála breise i bhfeidhm chun ár gcríochphointí a bhaint amach agus an fhoireann ag obair ón mbaile i gcónaí lena n-áirítear uasghrádú ar ár n-uirlis paisteála críochphointe agus geal-liostóir feidhmchláir a cheannach, ag tabhairt breis smachta agus cosanta in aghaidh bogearraí mailíseacha gan iarraidh agus ar scripteanna ar fheistí. Cuireadh beartais coiscthe cailliúna sonraí agus lipéid íogaire i bhfeidhm go leanúnach chun nach sceithfí sonraí íogaire nó pearsanta.

### Gníomhaíochtaí TCF a bhain le COVID-19

Lean Foireann TFC QQI ag tacú leis an bhfoireann go cianda le linn 2021, ag uasghrádú ríomhairí glúine dátaithe, ag tacú le seimineáir ghréasáin agus ag dul i dteagmháil leis an bhfoireann trí ghlaonna míosúla TF ar mhaithe le comhroinnt faisnéise, nuashonruithe agus oiliúint. Cuireadh tús le hullmhú le haghaidh filleadh ar an oifig le huasghrádú ar athruithe líonra agus pointí rochtana agus trealamh closamhairc a sholáthar chun tacú leis an tsamhail nua oibre hibrideach.

## D. Léireoimid an cleachtas is fearr maidir lenár rialachas feidhmiúil agus corparáideach de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus cloí le hoibleagáidí ábhartha reachtaíochta agus rialála.

### Ráiteas Straitéise QQI 2022—2024

I rith 2021, d'fhorbraíomar ár gceathrú ráiteas straitéise a chlúdaíonn an tréimhse 2022-2024. Táimid ag súil gur tréimhse dhúshlánach a bheidh anseo de réir mar a fhoghlaimíonn an córas oideachais treasach ón domhan iar-phaindéimeach agus go n-oiriúnaíonn sé dó. Tá sé mar aidhm againn cur le huaillmhian an Rialtais oideachas treasach níos comhtháite a chruthú agus chun tacú le gach foghlaimeoir a lánacmhainneacht a bhaint amach. Ionchorpróimid Sprioc Forbartha Inbhuanaithe an Oideachais Ardchaighdeáin de chuid Chlár Oibre na Náisiún Aontaithe 2030 inár gcuid oibre agus le hinbhuanaitheacht a leabú inár bpróisis oibre.

Déanfaimid ár bhfeidhmeanna nua a sheachadadh chun foghlaimeoirí a chosaint nuair a scoirfidh soláthraithe príobháideacha de bheith ag feidhmiú, chun níos mó cáilíochtaí agus níos mó forais cháiliúchain a áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, chun sláine acadúil a chosaint trí aghaidh a thabhairt ar chaimiléireacht conarthach (muilte aiste) agus rolladh amach an Marc Oideachais Idirnáisiúnta (IEM) don ardoideachas agus d'oideachas Béarla.

Tá an straitéis bunaithe ar cheithre thosaíocht, is iad sin:

- faisnéis agus deiseanna níos fearr a sholáthar d'fhoghlaimeoirí,
- rialáil neartaithe a chur i bhfeidhm chun foghlaimeoirí a chosaint,
- soláthraithe agus institiúidí oideachais agus oiliúna a fhorbairt, agus
- anailís agus léargas údarásach a fhoilsiú.

Déanfaimid an straitéis a sheachadadh trí chomhpháirtíocht leanúnach agus neartaithe le páirtithe leasmhara agus trí sárchórais eagraíochtúla a thógáil trínár ndaoine, ár gcórais agus ár bpróisis a fhorbairt.

### Comhlíonadh an Chóid Chleachtaise

Comhlíonann QQI an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Chuir QQI seicliosta comhlíonta i láthair i nDeireadh Fómhair 2019 maidir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Díríodh ar an aon mhaolú atá amuigh fós, madir leis an gCód Caiteachais Phoiblí, agus tuairiscíodh air i dTuarascáil Bhliantúil 2019. Mar sin ní raibh aon mhaolú fágtha ar an 31 Nollaig 2021.

### An Cód Caiteachais Phoiblí

Cloíonn QQI leis an gCód Caiteachais Phoiblí tri:

- Bheartas Ceannaigh agus Soláthair a bheith aige ina leagtar amach go soiléir na riachtanais agus na leibhéil údaráis atá ag ceannaitheoirí
- chinntiú go dtacaíonn gach mír chaiteachais neamhghnáthach le comhlíonadh phlean straitéis agus corparáideach QQI
- chun luach ar airgead a chinntiú i gcás gach caiteachais agus ar cheannach chun a chinntiú go gcloítear le dea-chleachtas
- chun an fhoireann a spreagadh le bheith feasach ar chostas na seirbhísí ionas nach dtabhófar caiteachas neamhriachtanach.

### An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

Tuairiscíonn QQI ar thorthaí, dá roinn líne, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta trí Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta, ar riachtanas é faoin gCód Cleachtais. Tá nasc ann idir an Comhaontú Seachadta Feidhmíochta, a cheaptar agus a aontaítear gach bliain, le cuspóirí i bPlean Corparáideach QQI atá bunaithe ar Ráiteas Straitéis 2019-2021 QQI. Forbraíodh agus comhaontaíodh Comhaontú Maoirseachta trí bliana gaolmhar freisin leis an Roinn in 2021 (a chlúdaíonn an tréimhse 2021-2023). Buaileann QQI le hoifigigh na Roinne cúpla uair sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn faoi na Comhaontuithe.

### An fheidhm iniúchta inmheánaigh

Tá plean iniúchta inmheánach de réir a chéile trí bliana 2021 - 2023 ag QQI a ndéantar athbhreithniú air go bliantúil. Déantar iniúchadh inmheánach ar gach ceann de phríomhfheidhmeanna corparáideacha agus gnó QQI.

Mar thoradh ar na srianta leanúnacha sláinte poiblí atá i bhfeidhm, rinneadh gach iniúchadh in 2021 go cianda.

### Feidhm an iniúchta sheachtraigh

In 2021 iarradh ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú leasaithe (Meán Fómhair 2016) ina moltar go rachaidh an tÚdarás agus an Coiste Iniúchóireachta i mbun cainteanna leis na hiniúchóirí seachtracha uair sa bhliain ar a laghad, gan comhaltaí feidhmiúcháin an Bhoird ná fostaithe an chomhlachta stáit a bheith i láthair, le cinntiú nach bhfuil aon údar imní gan réiteach. D'fhreastail ionadaí de chuid an ARCC ar chruinnithe den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 16 Feabra 2021 agus ar an 15 Deireadh Fómhair 2021.

Dearadh an córas rialachais, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur le gach riosca teipthe ó thaobh aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach. Tá ardbhainistíocht QQI freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh. Ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha a bhunaítear monatóireacht agus athbhreithniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Críochnaíodh athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2020 in 2021, mar a cheanglaítear leis an gCód, agus cuireadh ar aghaidh chuig an Údarás é lena bhreithniú ag a chruinniú i mí Aibreáin 2021.

# **CÁS-STAIDÉAR -** CÁS-STAIDÉAR AR BHAILÍOCHTÚ: MICRIDHINTIÚIR



In 2020, tháinig focal (cineál) nua isteach i bhfoclóir an oideachais agus na hoiliúna in Éirinn. Tagraíonn micridhintiúir do cháilíocht (dámhachtain) a éiríonn as pacáiste foghlama 'beag', nuair a thagraíonn 'beag' don chreidiúint a bhaineann leis an dámhachtain. Tá dámhachtainí beaga bronnta ag QQI le blianta fada, i.e. miondámhachtainí, dámhachtainí sainchuspóra agus forlíontacha sna hearnálacha BOO agus AOO araon, ach níor úsáideadh an téarma micreachreidiúna chun cur síos a dhéanamh ar na dámhachtainí seo roimhe seo. Chomh maith leis sin, in AOO, cuireadh teorainn níos ísle de 10 ECTS i bhfeidhm ar chláir a cuireadh isteach le haghaidh bailíochtú.

In 2020, rinne QQI treoirthionscadail ar bhailíochtú na gclár BOO atá chomh beag le 5 ECTS le próiseas a bhí cuíchóirithe go comhréireach. Tar éis meastóireacht dhearfach a dhéanamh ar an gclár píolótach, tá an tsamhail um fhorbairt agus bailíochtú lúfar anois mar chuid den roghchlár roghanna atá ar fáil do sholáthraithe BOO. Bailíochtaíodh naoi gclár déag den sórt sin in 2021.

In BOO, tá dámhachtainí beaga ar fáil le fada an lá, rud a léiríonn an raon leathan deiseanna oiliúna fócasaithe atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar féidir iad a dheimhniú trí úsáid a bhaint as Comhchóras Dámhachtainí QQI (CAS). Mar sin féin, de réir mar a thagann riachtanais oiliúna agus breisoiliúna nua chun cinn i réimsí nideoige nua, is léir go bhfuil gá le dámhachtainí nua freisin.

In 2021, chomhoibrigh QQI leis na Boird Oideachais agus Oiliúna agus le hAonad Scileanna chun Cinn de chuid Solas chun samhail a fhorbairt chun cláir bheaga a fhorbairt agus a bhailíochtú dírithe ar thionscail ar leith ar nós feirmeoireacht éisc, róbataic etc. Tá na cláir seo deartha le bheith ina bpacáistí beaga foghlama saindírithe agus is féidir iad a dheimhniú le miondámhachtainí. I bhformhór na gcásanna is féidir iad a chomhcheangal nó a 'chruacháil' chun dámhachtainí sainchuspóra níos mó (cé go bhfuil siad fócasaithe i gcónaí) a sheachadadh.

Tógann an tsamhail seo ar a bhfuil foghlamtha ó chlár píolótach micrchreidmheasa BOO agus éascóidh sé forbairt níos gasta agus bailíochtú clár chun freastal ar riachtanais oiliúna tionscal-shonracha atá ag teacht chun cinn.

# AN STRUCHTÚR RIALACHAIS

### Bord QQI

Bord deichniúr comhaltaí, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach, a rialaíonn QQI. An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a cheapann baill neamhfheidhmiúcháin an Bhoird. Ar chúraimí an bhoird tá ceadú na gcuntas airgeadais, beartas, ráitis straitéise, pleananna corparáideacha agus tuarascálacha bliantúla. Déanann an Bord cinntí maidir le feidhmeanna éagsúla lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do:

- Ullmhú agus glacadh an ráitis straitéise,
- Pleanáil straitéiseach, pleanáil chorparaideach agus ceadú na gcuntas bliantúil.
- Ceadú na ráiteas airgeadais
- Ceadú gach beartais agus cur chuige i leith beartais
- Ceadú nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta a aistarraingt
- Bailíochtú cláir a aistarraingt
- Údarás a tharmligean do sholáthraí chun dámhachtainí a dhéanamh
- Údarás tarmligthe chun dámhachtainí a dhéanamh a aistarraingt nó a éagsúlú ??

Tá feidhmeanna aige, leis, i ndáil le cláir a bhailíochtú, comhdhámhachtainí, agus rochtain, aistriú agus forchéimniú. Tugann roinnt coistí faoi leibhéal an Bhoird cúnamh le rialachas acadúil agus le réimsí tábhachtacha eile rialachais, agus is comhaltaí den Bhord atá ar na coistí sin.

### Ballraíocht:

- Ms. Joanne Harmon (Cathaoirleach)
- An Dr Padraig Walsh (Príomhfheidhmeannach go 11 Eanáir 2021)
- Ms Cliona Curley (Príomhfheidhmeannach Eatramhach ón 1 Deireadh Fómhair 202)
- An Dr Barbara Brittingham (Saineolaí idirnáisiúnta)
- Ms Mary Danagher
- Mr Blake Hodkinson
- Mr Thomas McDermott
- Mr Kevin McStravock (ainmniúchán USI) (go dtí 30 Meitheamh 2021)
- Ms Megan O'Connor (ainmniúchán USI) (ón 1 Iúil 2021)
- An Dr Niamh O'Reilly (ionadaí foghlaimeoirí)
- An tOllamh Irene Sheridan
- An Dr Anne Walsh

## Taifead Tinrimh Chomhaltaí an Bhoird ag Cruinnithe de Bhord QQI in 2021

| | 22 FEA 2021** | 23 AIB** | 21 MEITH** | 27 M.F.** | 26 SAMH** | UASLEIBHÉAL | I LÁTHAIR |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Joanne Harmon | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 | 5 |
| Padraig Walsh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 | 5 |
| Barbara Brittingham | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 | 5 |
| Mary Danagher | | | ✓ | ✓ | | 5 | 2 |
| Blake Hodkinson | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 | 5 |
| Thomas McDermott | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | 5 | 4 |
| Kevin McStravock* | ✓ | ✓ | ✓ | - | - | 3 | 3 |
| Megan O'Connor* | - | - | - | ✓ | | 2 | 1 |
| Niamh O'Reilly | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 5 | 4 |
| Irene Sheridan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 | 5 |
| Anne Walsh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 | 5 |

Le cois na gcúig Chruinniú Boird a luadh thuas, tionóladh dhá Cheardlann Boird ar Fhorbairt Straitéis ar an 28 Eanáir agus an 7 Aibrean 2021.

* Ionadaí de chuid Aontas na Mac Léinn in Éirinn, téarma a oifige a ritheann ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh gach bliain.
** Mar gheall ar an bpaindéim COVID-19 agus de réir threoirlínte náisiúnta sláinte poiblí, reáchtáladh Cruinnithe Boird QQI in 2021 trí fhíschomhdháil.

## Cothromaíocht Inscne i mBallraíocht Bhord QQI

Amhail ar an 31 Nollaig 2021, bhí seachtar ball (70%) baineann agus triúr (30%) ball fireann ar an mBord.

Mar sin, ag deireadh bliana níor chomhlíon an tÚdarás sprioc an Rialtais ionadaíocht ar a laghad 40% de gach inscne a bheith i mballraíocht na mBord Stáit. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfreastalaíonn ainmní Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI) de ghnáth ar feadh téarma ballraíochta 1-2 bhliain agus mar sin go n-athraíonn sé níos minice ná comhaltaí eile an Bhoird.

Tá na bearta seo a leanas pleanáilte chun díriú ar an gcothromaíocht inscne ar an mBord seo agus é a fheabhsú:

- Éagfaidh téarma an bhoird reatha ar an 5 Samhain 2022. Tabharfar aird chuí ar chothromaíocht inscne an Bhoird le linn an phróisis cheapacháin agus aibhseofar í don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

## Meastóireacht ar Fheidhmíocht

Rinneadh Athbhreithniú Seachtrach ar éifeachtúlacht an Bhoird agus an Choiste i Ráithe 4, 2020, agus tá súil leis an tuarascáil mar thoradh air sin i Ráithe 1, 2021. Leanadh ar aghaidh le linn na bliana 2021 leis an obair chun na moltaí a d'eascair as an Athbhreithniú Seachtrach a chur chun cinn.

### Rialachas Fo-Bhoird

Soláthraíonn roinnt fo-choistí den Bhord saineolas ar leith sa réimse acadúil agus i bpríomhréimsí eile d'oibríochtaí QQI:

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR)

Is é cuspóir an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca struchtúr neamhspleách measúnaithe a sholáthar agus tacú leis an mBord ina bhfreagrachtaí as ceisteanna riosca, rialaithe agus gnéithe den rialachas, trí athbhreithniú a dhéanamh ar a chuimsithí atá na dearbhuithe go bhfuil riachtanais dearbhaithe an Bhoird agus an Oifigigh Chuntasaíochta comhlíonta agus iontaofacht agus iomláine na ndearbhuithe sin a athbhreithniú. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i 2021.

### Ballraíocht agus tinreamh

De bharr mhéid an Bhoird, tá comhaltacht an Choiste comhdhéanta de chomhalta amháin den bhord agus triúr comhaltaí seachtracha nach comhaltaí den Bhord iad (i gcomórtas le triúr comhaltaí den Bhord mar is gá faoin gCód Cleachtais).

| | |
|---|---|
| Blake Hodkinson (Cathaoirleach) | 4/4 |
| Kate Cullen (neamh-Bhoird) | 1/1 |
| Pearl Cunningham (neamh-Bhoird) | 1/1 |
| Walter Johnston (neamh-Bhoird) | 2/2 |
| Tony Mealy (neamh-Bhoird) | 4/4 |

## An Coiste Feidhmiúcháin um Chláir agus Dámhachtainí (CFCD)

Is é feidhm an Choiste Feidhmiúcháin um Chláir agus Dámhachtainí cinntí a dhéanamh maidir le bailíochtú clár as a leanann dámhachtainí QQI. Bunaítear cinntí agus moltaí an Choiste ar shaineolas agus ar mholtaí seachtracha, a chuirtear ar fáil de ghnáth i bhfoirm thuarascálacha ó phainéil saineolaithe agus torthaí ar ghníomhaíochtaí monatóireachta agus athbhreithnithe a dhéanann QQI. Bhí seacht gcruinniú ag an CFCD in 2021.

### Ballraíocht agus tinreamh

| | |
|---|---|
| Padraig Walsh (Cathaoirleach ón 11 Eanáir 2021) | 7/7 |
| Cliona Curley (Cathaoirleach Eatramhach idir 1 Deireadh Fómhair 2020 agus 11 Eanáir 2021) | 0/0 |
| Mary Grennan | 1/1 |
| Marie Gould | 6/7 |
| Barbara Kelly | 5/7 |
| Angela Lambkin | 7/7 |
| Bryan Maguire | 5/6 |
| Jim Murray | 1/1 |
| John O'Connor | 5/7 |
| Andrina Wafer | 6/6 |

## An Coiste um Beartais agus Caighdeáin (CBC)

Is é misean an Choiste Beartas agus Caighdeán a shaineolas a úsáid chun dréachtbheartas QQI a bhreithniú agus moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le ceadú na mbeartas seo ar aon dul le straitéis na heagraíochta. Lena chois sin, breithníonn sé moltaí ón bhfeidhmeannacht agus féadfaidh sé gníomhú orthu chun caighdeáin eolais, scile agus inniúlachta a chinneadh le haghaidh dámhachtainí oideachais agus oiliúna nó chun treoirlínte ábhar a fhormhuiniú maidir leis na leibhéil eolais, scile agus inniúlachta a mbeidh súil leo do dhámhachtainí ardoideachais. Bhí ceithre chruinniú ag an CBC in 2021.

### Ballraíocht agus tinreamh

| | |
|---|---|
| Anne Walsh (Cathaoirleach) | 4/4 |
| Bryan Fields | 4/4 |
| Achim Hopbach | 3/4 |
| Barbara Kelly | 4/4 |
| Bryan Maguire | 4/4 |
| Hannah McGee | 2/4 |
| Niamh O'Reilly | 3/4 |
| Aileen Ponton | 4/4 |
| Alan Power | 4/4 |
| Peter Rigney | 1/1 |
| Aoife Sweeney | 0/1 |

## An Coiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí (CMCD)

Déanann an Coiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí (CMCD) athbhreithniú agus anailís ar ghníomhaíochtaí an CFCD (thuas), ag soláthar comhairle agus ag déanamh moltaí ar a chinntí. Deimhneoidh sé cinntí de chuid an CMCD, nó cuirfear ar ais iad, faoi mar is gá. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste CMCD in 2021:

### Ballraíocht agus tinreamh

| | |
|---|---|
| Barbara Brittingham (Cathaoirleach) | 2/2 |
| Ken Carroll | 0/0 |
| Mary Danagher | 0/2 |
| Mark Kane | 2/2 |
| Paul Lyons | 0/0 |
| Mary Meaney | 2/2 |
| Gerard Morgan | 1/2 |
| Brendan O'Dea | 2/2 |
| Gina Quin | 0/0 |
| Seán Rowland | 2/2 |

## An Coiste Formheasanna agus Athbhreithnithe (CFA)

Déanann an Coiste Formheasanna agus Athbhreithnithe cinntí agus moltaí ar fhormheas nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta; an Marc Idirnáisiúnta Oideachais; údarás tarmligthe; agus déanann sé torthaí athbhreithnithe cáilíochta arna ndéanamh ag QQI a cheadú lena bhfoilsiú. Bhí cúig chruinniú ag an CFA in 2021. ar mhaithe lena rialachas agus a mhaoirsiú féin i réimsí AD agus feidhmíocht an PF a athneartú. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste Acmhainní Daonna agus Eagair in 2021.

### Ballraíocht agus tinreamh

| | |
|---|---|
| Irene Sheridan (Cathaoirleach) | 5/5 |
| Ailsa Crum | 3/3 |
| Laura Flynn | 1/1 |
| Colette Harrison | 4/4 |
| William Kelly | 3/5 |
| Siobhan Kinsella | 3/5 |
| Geraldine Larkin | 5/5 |
| Kevin McStravock | 2/3 |
| Megan O'Connor | 1/1 |
| Ronan O'Loughlin | 2/2 |
| Gerry O'Sullivan | 1/1 |
| Mary Sheridan | 5/5 |

## An Coiste Acmhainní Daonna agus Eagair

Cabhraíonn an Coiste Acmhainní Daonna agus Eagair leis an mBord agus cuireann sé comhairle air ar mhaithe lena rialachas agus maoirsiú féin a athneartú i dtaca le AD agus feidhmíocht an PF. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste Acmhainní Daonna agus Eagair in 2021.

### Ballraíocht agus tinreamh

| | |
|---|---|
| Joanne Harmon (Cathaoirleach) | 2/2 |
| Mary Danagher | 1/2 |
| Blake Hodkinson | 2/2 |

# GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

## Airgeadas

In 2021 fuair QQI €11.403 milliún idir Dheontas Stáit, ioncam ó tháillí, cistiú AE agus eile. Ba é €10.634 mhilliún an caiteachas sa tréimhse chéanna. Chosain pá agus pinsin €6.653 milliún in 2021 (taobh amuigh de choigeartuithe FRS17).

## Íocaíochtaí le Comhaltaí an Bhoird

I gcáil dheonach, go huile agus go hiomlán, a ghníomhaíonn comhaltaí an Bhoird agus níor íocadh aon táille le comhaltaí an Bhoird in 2021. Íoctar costais cóiríochta, taistil, eitiltí agus cothabhála ar aon dul le rátaí atá leagtha síos ag an Roinn Airgeadais. Ba é €1,779 costais iomlána an bhoird in 2021*.

## Tuarastail agus costais an Phríomhfheidhmeannaigh

Fuair an Príomhfheidhmeannach €139,030 d'íocaíochtaí tuarastail in 2021 (2017: Níor íocadh aon phá bainteach le feidhmíocht sa tréimhse seo. Ní ghabhann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh níos faide ná na teidlíochtaí caighdeánacha i samhailscéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí. Thabhaigh an Príomhfheidhmeannach €104* de chostais dheimhnithe in 2021.

Foilsítear Ráitis Airgeadais iniúchta QQI ar láithreán gréasáin QQI – .www.qqi.ie

* Baineadh na figiúirí seo as na dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021.

# BAINISTÍOCHT RIOSCA

Lean QQI ag bainistiú riosca i gcomhréir le Beartas Bainistíochta Riosca Mheitheamh 2020. Coimisiúnaíodh athbhreithniú seachtrach ar chreat bainistíochta riosca QQI go déanach in 2021 agus críochnófar é in 2022.

Rinne bainisteoirí agus úinéirí riosca, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Príomhoifigeach Riosca agus an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin athbhreithniú agus nuashonrú ar an gClár Riosca Corparáideach ar bhonn ráithiúil. Bhreithnigh an Coiste Iniúchta agus Riosca agus Bord QQI an Clár Riosca. Tugadh aird ar leith ar na rioscaí féideartha do QQI ag éirí as tionchar COVID-19 ar an gcóras treasach (caillteanas foghlama, gnóthachtáil agus dul chun cinn an fhoghlaimeora, agus measúnú); cibearshlándáil agus rioscaí a bhaineann le tionchar phaindéim

COVID-19 ar obair QQI. Eagraíodh seisiúin faisnéise ar riosca leis an ardbhainistíocht agus leis an bhfoireann ar fad. Glacadh céimeanna chun riosca a chomhtháthú le tionscadail, le pleanáil gnó agus le forbairt straitéis QQI.

## Príomhrioscaí

Rinne an tÚdarás measúnú ar na príomhrioscaí, agus ar a maoluithe, do QQI in 2021 ag a chruinniú den 31 Eanáir 2022. Chuir sé tús freisin le hathbhreithniú domhain ar gach ceann de na rioscaí seo in 2021. Tá siad seo leagtha amach i dTábla 1 thíos.

| RANGÚ RIOSCAÍ | PRÍOMHRIOSCA |
|---|---|
| 1 | *An riosca nach féidir le QQI an obair a bheartaíonn sé a dhéanamh a sheachadadh, ina Phlean Corparáideach agus ina Ráiteas Straitéise, mura bhfuil na scileanna agus an daonchumhacht riachtanach aige. Dá thoradh seo, d'fhéadfaí gníomhaíochtaí straitéiseacha a chur siar nó a bhaint den phlean corparáideach ar bhealach eile.*<br><br>Maolaithe ag an bPlean Fórsa Saothair; earcú foirne in 2021; anailís bhliantúil ar riachtanais oiliúna; PMDS a oibriú; an scéala is déanaí a thabhairt go rialta don Bhord ar chúrsaí foirne; cumarsáid rialta leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíocht (DFHERIS) i dtaobh riachtanais acmhainne. |
| 2 | *An riosca nach mbeidh dóthain cistí Stáit ann chun feidhmeanna reachtúla nua a bhunú agus a chur i gcrích (nach bhfuil sruthanna ioncaim comhionanna leo ann fós) agus chun leanúint de mhaoiniú a dhéanamh ar oibleagáidí reachtúla, straitéis agus pleananna corparáideacha atá ann cheana.*<br><br>Maolaithe ag críochnú an Phlean Fórsa Saothair; buiséad agus insint bhliantúil mionsonraithe a chur faoi bhráid DFHERIS go luath; idirchaidreamh idir an Bainisteoir Airgeadais agus príomhbhaill foirne maidir le riachtanais airgeadais, bainistíocht tionscadail, cumarsáid rialta le DFHERIS maidir lenár staid airgeadais, cúlchistí agus obair chun múnla maoinithe inbhuanaithe a chinneadh. |

| RANGÚ RIOSCAÍ | PRÍOMHRIOSCA |
|---|---|
| 3 | *An riosca go bhféadfadh QQI a bheith gann ar chistí sa tréimhse 15 mhí atá le teacht mar gheall ar nádúr athraitheach agus luaineach ioncaim agus costais QQI. D'fhéadfadh go gciallódh sé seo nach bhféadfaí soláthraithe/baill foirne a íoc nó go mbeadh maoiniú/áis bhreise ag teastáil ar ghearrfhógra.*<br><br>Maolaithe trí chóras bainistíochta airgeadais a éascaíonn aitheantas do chaiteachas ar leibhéal na rannóige, an aonaid agus an tionscadail, cuntais bhainistíochta mhíosúla; foilsiú cuntas míosúil agus sreabhadh airgid mionsonraithe; monatóireacht ar athraitheas ioncaim agus caiteachais i gcomparáid le blianta roimhe seo; athbhreithniú ar rialuithe airgeadais agus réamhaisnéis; caiteachas a bhaineann le tionscadail a rialú agus a rianú; cumas cuntasaíochta agus tuairiscithe QQI arna mheas faoin tSamhail Aibíochta Bainistíochta Airgeadais (FMMM). |
| 4 | *An riosca nach féidir le foghlaimeoirí cláraithe a gcláir a chríochnú toisc gheall go scoirfidh soláthraí sonrach/soláthraithe iolracha dá gcláir a sholáthar agus/nó go scoirfidh siad de thrádáil. Is féidir go leanfaidh tionchar suntas ar acmhainní Stáit/QQI as seo, mar aon le himeachtaí dlí in aghaidh an Stáit/QQI, agus damáiste gaolmhar do chlú.*<br><br>Maolaithe le beartas agus le nós imeachta chun dúnadh soláthraithe agus neamhleanúnachas clár a bhainistiú go tráthúil agus go héifeachtach; monatóireacht leanúnach ar shocruithe PEL an tsoláthraí; obair leanúnach le DFHERIS chun reachtaíocht a chur i bhfeidhm chun scéim náisiúnta PEL a bhunú agus a chur chun feidhme, bailíochtú agus formheas dearbhaithe cáilíochta a tharraingt siar ó sholáthraithe nach gcomhlíonann ceanglais reachtaíochta a bhaineann le PEL (Alt 65 d'Acht 2012). |
| 5 | *An riosca go bhféadfaí deireadh a chur le socruithe comhaontaithe um Chosaint Foghlaimeora Cláraithe (PEL) le tríú páirtithe ar ghearrfhógra ag fágáil soláthraithe, foghlaimeoirí agus cláir gan PEL riachtanach, rud a d'fhágfadh go sárófaí coinníollacha bailíochtaithe agus go leanfadh teagmhas PEL as.*<br><br>Maolaithe trí chomhaontú agus formheas táirge árachais PEL; bealaí cumarsáide láidre agus oscailte le tríú páirtithe ábhartha; oibriú le DFHERIS chun scéim náisiúnta PEL a bhunú agus a chur i bhfeidhm. |

## Cosaint Sonraí

Geallann QQI cearta agus príobháideacht daoine aonair a chosaint ar aon dul leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998 agus 2018. Foráiltear sna hAchtanna le haghaidh sonraí a bhailiú agus a úsáid ar shlí fhreagrach, agus chun úsáidí neamhiarrtha agus úsáidí dochracha sonraí a chosc. Déanann QQI maoirsiú ar leibhéal comhlíonta na heagraíochta le cinntiú go bhfuil socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm againn chun riachtanais na nAchtanna um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh.

## Nochtaí Cosanta

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a choimeád le gur féidir le hoibrithe, atá nó a bhí fostaithe ag an gcomhlacht poiblí, nochtuithe faoi chosaint a dhéanamh agus chun déileáil leis na nochtuithe sin.

Ní bhfuarthas tuairisc ó aon oibrí de chuid QQI faoin mBeartas um Nochtuithe faoi Chosaint sa tréimhse dhá mhí dhéag go dtí an 31 Nollaig 2021.

Ní bhfuair Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) aon tuairisc faoi Alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 sa tréimhse dhá mhí dhéag go dtí an 31 Nollaig 2021.

### Gearáin i dtaobh na seirbhíse

Le linn 2021, fuair QQI gearán amháin faoin tseirbhís a freagraíodh go cuí.

### Rialuithe inmheánacha

Tá bearta déanta ag QQI chun timpeallacht cuí rialaithe a chinntiú i dtaca le rioscaí a aithint agus a bhainistiú. Níor tharla aon sárú ar na rialuithe inmheánacha in 2021.

### Calaois

Ní dhearnadh aon chás calaoise nó calaoise amhrasta a nochtadh nó a fháil amach le linn 2021. Níor tuairiscíodh aon chás calaoise ach an oiread do AD, don Phríomhfheidhmeannach, don Iniúchóir Inmheánach ná don Choiste Iniúchta agus Riosca i rith na bliana.

### Ráitis ar éifeachtúlacht fuinnimh agus beartas comhshaoil

Tá QQI tiomanta do bheartais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur i bhfeidhm agus ár lorg carbóin a laghdú. Seo cuid de na tionscnaimh ar tugadh fúthu le déanaí chun cabhrú linn é seo a bhaint amach:

- Bolgáin solais agus daingneáin coigilte fuinnimh amháin a úsáid nuair is féidir.
- A chinntiú gur earraí maisíochta, táirgí glantacháin agus earraí meatacha eile oifige éicea-chairdiúla a úsáidtear.
- Tá iarrachtaí déanta chun eagraíocht saor ó pháipéar a dhéanamh de QQI, áit is féidir. Tá líon na bhfótachóipeanna laghdaithe de leath agus tá cóipeálaithe priontála cumasaithe leantacha curtha in áit na bhfótachóipeálaithe.
- Tiomantas leanúnach d'athchúrsáil agus deireadh a chur le dramhaíl, lena n-áirítear aistriú chuig foilseacháin ar líne.

Mar chomhlacht earnála poiblí, cuireann QQI

### Comhionannas Earnála Poiblí agus Dínit Chearta an Duine

Tá freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn an comhionannas a chur chun cinn, an t-idirdhealú a chosc agus cearta daonna a gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhísí agus gach duine a dtéann a mbeartais agus a bpleananna i bhfeidhm orthu a chosaint. Tugtar Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí ar an oibleagáid dhlíthiúil seo. Ceanglaíonn Alt 42 den Acht um Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí féachaint don mhéid seo a leanas agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu:

- deireadh a chur le hidirdhealú;
- comhionannas deise agus caitheamh comhionann a chur chun cinn leis an bhfoireann agus leis na daoine dá soláthraítear seirbhísí; agus
- cearta daonna na foirne agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint.

Tá QQI tiomanta do chur i bhfeidhm iomlán an Achta seo um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. In 2021, d'fhoilsíomar ár ráiteas straitéise do 2022-24 ina n-aithnímid éagsúlacht ár ngeallsealbhóirí agus ina leagtar amach ár luachanna lena n-áirítear ionracas, trédhearcacht agus cuimsitheacht. Tá ár sraith beartas reatha mar bhonn agus mar thaca lenár dtiomantas do chomhionannas agus cearta an duine agus cuirfear tús leis an obair in 2022 chun an obair seo a chomhdhlúthú i mbeartas corparáideach comhionannais, éagsúlachta agus cuimsitheachta.

# **CÁS-STAIDÉAR -** ATHBHREITHNIÚ TIONSCNAIMH AR CHÁILÍOCHT I MBOIRD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

IIn 2021, chuir QQI tús leis an gcéad athbhreithniú cuimsitheach cáilíochta ar an mbreisoideachas agus oiliúint a chuireann 16 bhord oideachais agus oiliúna (BOOanna) na hÉireann ar fáil. Sna hathbhreithnithe seo déantar measúnú ar a éifeachtaí atá cáilíocht an bhreisoideachais agus oiliúna (FET) sna BOOanna agus tá sé mar aidhm acu cultúr ardchaighdeáin a spreagadh a thugann tosaíocht d'eispéireas agus do thorthaí an fhoghlaimeora.

Foireann athbhreithnithe sheachtrach de sheisear comhaltaí arna roghnú ag QQI a sheolann na hathbhreithnithe, agus roghnaítear iad chun éagsúlacht dearcthaí agus saineolais a léiriú, lena n-áirítear lucht tionscail, cuimsiú sóisialta agus piaraí náisiúnta agus idirnáisiúnta ó DC BOO. Tá ionadaí foghlaimeora ar gach foireann athbhreithnithe.

Bíonn cruinniú ag an bhfoireann athbhreithnithe leis an bhfoireann bhainistíochta, le baill foirne éagsúla, le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, agus le foghlaimeoirí le linn sheachtain an athbhreithnithe.
Mar gheall ar shrianta leanúnacha sláinte poiblí, reáchtáladh na cruinnithe seo go fíorúil.

Rinneadh an chéad chéim de na hathbhreithnithe le cuairteanna fíorúla ar chúig Bhord Oideachais agus Oiliúna idir Márta agus Meitheamh 2021, agus foilsíodh na chéad tuarascálacha athbhreithnithe i mí na Nollag.

Ag seoladh na dtuarascálacha athbhreithnithe, leag an Dr Padraig Walsh, Príomhfheidhmeannach QQI, béim ar thábhacht phróiseas athbhreithnithe an BOO, ag tabhairt faoi deara:

*"Is cloch mhile chriticiúil iad na hathbhreithnithe reachtúla tosaigh seo don earnáil, agus tá foirne athbhreithnithe de shaineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mar aon le hionadaithe foghlaimeoirí agus saol na hoibre bainteach leo. Is deis é do Bhoird Oideachais agus Oiliúna aonair pleananna a bhunú chun feabhas leanúnach a chur ar a mbonneagar dearbhaithe cáilíochta, a mbeartais, a nósanna imeachta agus a seirbhísí teagaisc, foghlama agus tacaíochta."*

Thug na foirne athbhreithnithe faoi deara agus mhol siad díograis, tiomantas agus cáilíocht na foirne sna BOOanna agus an tiomantas d'fhoghlaimeoirí agus an fócas orthu. Tháinig téamaí coitianta chun cinn freisin sna moltaí a rinneadh le haghaidh feabhsú agus breisiú cáilíochta, lena n-áirítear córas DC ar fud earnáil na BOO, rialachas DC, rannpháirtíocht foghlaimeoirí, forbairt clár, bailíochtú agus athbhreithniú, agus comhsheasmhacht eispéireas an fhoghlaimeora. Bunófar an caidreamh a bheith ag QQI leis an earnáil feasta ar fheabhsú sna réimsí seo a shainaithint agus trí oibriú i gcomhar lena chéile chun é a bhaint amach.

Tabharfar an t-athbhreithniú tionscnaimh ar BOOanna chun críche in 2022.



# AGUISÍNÍ

## AGUISÍN 1

### ROCHTAIN TOSAIGH AR BHAILÍOCHTÚ – IARRATAIS A RINNEADH IN 2021

| EARNÁIL | IARRATAIS | CEADAITHE | IDIR LÁMHA | AISTARRAINGTHE |
|---|---|---|---|---|
| Ardoideachas agus Oiliúint | 1 | 0 | 1 | 0 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 5 | 0 | 5 | 0 |
| **Iomlán** | **6** | **0** | **6** | **0** |

### ROCHTAIN TOSAIGH AR BHAILÍOCHTÚ – IARRATAIS A RINNEADH ROIMH 2021 ACH A TUGADH CHUN CRÍCHE IN 2021

| EARNÁIL | IARRATAIS | CEADAITHE | IDIR LÁMHA | AISTARRAINGTHE |
|---|---|---|---|---|
| Ardoideachas agus Oiliúint | 4 | 1 | 2 | 1 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 5 | 4 | 1 | 0 |
| **Iomlán** | **9** | **5** | **3** | **1** |

## AGUISÍN 2

### ATHBHUNÚ CAIDRIMH – IARRATAIS A RINNEADH IN 2021

| EARNÁIL | IARRATAIS | CEADAITHE | IDIR LÁMHA | AISTARRAINGTHE |
|---|---|---|---|---|
| Ardoideachas agus Oiliúint | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 44 | 8 | 33 | 3 |
| **Iomlán** | **44** | **8** | **33** | **3** |

### ATHBHUNÚ CAIDRIMH - AN STAID IOMLÁN GO DTÍ SEO

| EARNÁIL | IARRATAIS | CEADAITHE | IDIR LÁMHA | AISTARRAINGTHE |
|---|---|---|---|---|
| Ardoideachas agus Oiliúint | 26 | 26 | 0 | 0 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 85 | 41 | 44 | 74 |
| **Iomlán** | **111** | **67** | **44** | **74** |

# AGUISÍN 3

## BAILÍOCHTÚ NUA – IARRATAIS A RINNEADH IN 2021

| EARNÁIL | IARRATAIS | BAILÍOCHTAITHE | DIÚLTÚ BAILÍOCHTAITHE | IDIR LÁMHA |
|---|---|---|---|---|
| Ardoideachas agus Oiliúint | 135 (2) | 107 (1) | 0 | 28 (1) |
| Further Education and Training | 109 (1) | 83 (1) | 0 | 26 |
| **Iomlán** | **234** | **190** | **0** | **54** |

## BAILÍOCHTÚ DIFREÁLACH/ATHBHAILÍOCHTÚ/LEATHNÚ ar BHAILÍOCHTÚ – IARRATAIS A RINNEADH IN 2021

| EARNÁIL | IARRATAIS | BAILÍOCHTAITHE | DIÚLTÚ BAILÍOCHTAITHE | IDIR LÁMHA |
|---|---|---|---|---|
| Ardoideachas agus Oiliúint | 81 | 69 | 0 | 12 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 13 | 12 | 0 | 1 |
| **Iomlán** | **94** | **81** | **0** | **13** |

QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

+353 (0) 1 905 8100
http://qhelp.qqi.ie
www.QQI.ie
@QQI_connect